




Comhairle Contae Fhine Gall

Tuarascáil Bhliantúil 2019

fingal.ie







Réamhrá ón Méara	Lch 4
Brollach ón bPríomhfheidhmeannach	Lch 5
Ballraíocht Chomhairle Contae Fhine Gall	Lch 7
Dámhachtainí Corparáideacha	Lch 12
Mórghníomhartha Chomhairle Contae Fhine Gall	Lch 13
Plean Corparáideach - Athbhreithniú Deiridh	Lch 14
Plean Corparáideach 2019-2024	Lch 29
Tuarascáil ar Chláir Pholasaí Straitéiseacha	Lch 30
Ballraíocht agus Gníomhartha an Choiste Comhphóilíneachta	Lch 37
Staid Airgeadais na Comhairle	Lch 38

TUARASCÁLACHA AR SHEIRBHÍSÍ A SHEACHADADH

Seandálaithe	Lch 41
Pobal, Cultúr & Spórt	Lch 42
Gnóthaí Corparáideacha & Rialachas	Lch 45
Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta & Turasóireachta	Lch 47
Comhshaol & Gníomhaíocht Aeráide	Lch 49
Airgeadas	Lch 51
Tithíocht	Lch 52
Acmhainní Daonna	Lch 54
Teicneolaíocht Faisnéise	Lch 55
Dlí	Lch 56
Leabharlanna	Lch 57
Oibríochtaí	Lch 59
Pleanáil & Infreastruchtúr Straitéiseach	Lch 61

AGUISÍNÍ

Aguisín I	Comhaltaí na Comhairle	Lch 65
Aguisín II	Ballraíocht Comhalta de Choistí Seasta na Comhairle	Lch 66
Aguisín III	Ballraíocht Comhalta de Chomhlachtaí Eile	Lch 68
Aguisín IV	Cruinnithe in 2019	Lch 70
Aguisín V	Tinreamh ag Cruinnithe 2019	Lch 71
Aguisín VI	Acht um Thoghcháin Áitiúla 1999(Nochtadh maidir le Tabhartais agus Caiteachas)	Lch 72
Aguisín VII	Íocaíochtaí le Comhairleoirí	Lch 75
Aguisín VIII	Comhdhálacha/Seimineáir/Oiliúint ar ar fhreastail Comhairleoirí in 2019	Lch 76
Aguisín IX	Cuid 15 Acht um Rialtas Áitiúil 2001 - Sárú	Lch 79
Aguisín X	Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014	Lch 79
Aguisín XI	Caiteachas & sonraí eile i leith feidhmiúcháin	Lch 79
Aguisín XII	Iarratais ar Shaoráil Faisnéise /Iarratais chuig an Ombudsman/Gearáin ó Chustaiméirí	Lch 80
Aguisín XIII	Táscairí Feidhmíochta 01/01/2019 - 31/12/2019	Lch 82



Méara Fhine Gall An Comh Eoghan O'Brien



Ba bhliain í 2019 ina raibh Fine Gall an-ghníomhach agus inar bhain sé mórán amach, agus ba bhliain speisialta í domsa ar leibhéal pearsanta.

I ndiaidh an Toghcháin Áitiúil, toghadh mar Mhéara Fhine Gall mé, an lá céanna ar ar rugadh mo mhac Oisín.

Ón lá sin i leith, is mór an onóir é ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Fhine Gall mar chéad saoránach agus bualadh leis na grúpaí pobail éagsúla, na heagraíochtaí, lucht gnó agus oibrithe deonacha, na daoine a dhéanann áit iontach as Fhine Gall mar áit chun bheith i do chónaí, ag obair nó i mbun gnó.

Tá dul chun cinn tábhachtach déanta ag Fine Gall i réimsí cosúil leis an tithíocht, an ghníomaíocht ar son na haeráide, infreastruchrúir a sheachadadh agus forbairt eacnamaíoch.

Bhí ról lárnach ag na rudaí a leanas - na hiarrachtaí, na dearcthaí agus dea-thoil foirne na Comhairle, na gComhairleoirí tofa agus na bpáirtithe leasmhara seachtracha, maidir lenár spriocanna sna réimsí seo a bhaint amach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo Chomh-chomhairleoirí ar an gComhairle as an tacaíocht fíorluachmhar a léirigh siad i rith mo théarma mar Mhéara, agus mo bhuíochas le Leasmhéara, an Clr Tom Kitt, as a chuid cúnamh agus le mo réamhtheachtaí, an Clr Anthony Lavin as an méid atá déanta aige.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas leis an bPríomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly, as an treoir

agus tacaíocht a thug sí, mar aon le foireann na Comhairle as an obair atá déanta acu chun na séirbhísí go léir atá leagtha amach sa tuarascáil seo a sheachadadh.



Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly

In 2019 thug Fine Gall céim mhór chun tosaigh maidir le seirbhísí a sheachadadh, agus ag an am céanna lean sé air ag dul i ngleic le príomhdúshláin ar bhealaí atá réamhghníomhach agus nuálaíoch.

Baineadh an dul chun cinn seo amach trí chomhpháirtíocht fiúntach idir na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear an fhoireann, Comhairleoirí, grúpaí pobail agus gnólachtaí.

Bhí soláthar tithíochta mar phríomhthosaíocht i gcónaí agus rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse sin.

Go ríthábhachtach inár n-iarrachtaí líon méadaithe d'aonaid chónaithe a chur ar fáil, bhí ár bhfócas ar chineálacha tionachta agus meicníochtaí seachadta éagsúla.

Chomhlíon Comhairle Contae Fhine Gall a spriocanna i leith soláthair tithíochta agus lean sí le forfheidhmiú na hIasachta Um Cheannach Tí de chuid Éire a Aththógáil. Lean an Tionscadal Talamh ar aghaidh lena a chuid oibre ar thrí láithreán straitéiseach ar fud an Chontae.

Rinneadh dul chun cinn ar phíosáí bonneagair thábhachtacha cosúil le Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, mar aon le hoibreacha caomhnaithe agus oidhreachta thábhachtacha ar Chairseán Shoird agus Casino Mhullach Íde.

Ta an ghéimhaíocht ar son na haeráide agus saincheistanna comhshaoil tar éis tús áite a thógáil sa chomhrá náisiúnta. Bhí Fine Gall chun cinn maidir lenár bPlean Gníomhaíochta Athrú Aeráide 2019-2024 a sheoladh, a leagann amach 133 gníomh atá pleanáilte

nó atá ar bun cheana féin chun áilleacht nádúrtha agus saibhreas comhshaoil an Chontae a chosaint agus a chothú.

Ba léiriú tábhachtach ar an daonlathas iad na Toghcháin Áitiúla a láimhseáladh go gairmiúil. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh arís le gach duine a ghlac páirt.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Méara, an Clr Eoghan O'Brien, agus lena réamhtheachtaí, an Clr Anthony Lavin, agus le gach comhalta ar an gComhairle as an gcomhoibriú agus an tacaíocht a léirigh siad in 2019.

Mobhuíochas le moréamhtheachtaí mar Phríomhfheidhmeannach, Paul Reid, as a chuid ceannasaíochta agus as an méid a rinne sé ar Chomhairle Contae Fhine Gall.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann na Comhairle as an éacht oibre atá déanta acu, a dtiomantas agus chomh díograiseach is bhí siad maidir le seirbhísí a sheachadadh do phobal Fhine Gall.

Táim muiníneach go leanfaidh an chomhpháirtíocht idir an fhoireann agus na Comhaltaí tofa sna blianta atá romhainn.

Mar fhocal scoir, in 2019 cheiliúramar 25 bliain ó bunaíodh Comhairle Contae Fhine Gall. Ó 1994 tá athrú ó bhonn tagtha ar an gContae agus ar an gComhairle.

Táim ag súil le níos mó a bhaint amach sa todchaí agus ag an am céanna cinnte a dhéanamh de mbeidh Fine Gall ina Chomhairle bhríomhar, dea-eagraithe,



cheannródaíoch i gcónaí, a chuireann fáilte roimh deiseanna agus roimh an éagsúlacht, agus atá chun tosaigh maidir le saincheistanna cosúil leis an ngíomhaíocht ar son na haeráide, iompar poiblí, an fhostaíocht agus cúrsaí tithíochta.



Comhaltaí Tofa 2019

Comhaltaí Tofa Eanáir - Bealtaine 2019



Méara: ANTHONY LAVIN

Leasmhéara: GRÁINNE

MAGUIRE

TOGHCEANTAR BHAILE BHRIGÍN

Robert O'Donoghue (Páirtí an Lucht Oibre)
Tony Murphy (Neamh-Pháirtí)
Cathal Boland (Neamh-Pháirtí)
Malachy Quinn (Sinn Féin)
Gráinne Maguire (Neamh-Pháirtí)
Brian Dennehy (Fianna Fáil)
Barry Martin (Comhaontas Pobal seachas Brabús)
Tom O'Leary (Fine Gael)

TOGHCEANTAR CHAISLEÁN CNUCHA

Natalie Treacy (Sinn Féin)
Roderic O'Gorman (Comhaontas Glas)
Eithne Loftus (Fine Gael)
Ted Leddy (Fine Gael)
Mags Murray (Fianna Fáil)
Sandra Kavanagh (Neart le Chéile)
Howard Mahony (Fianna Fáil)

TOGHCEANTAR BHINN ÉADAIR MHULLACH ÍDE

Cian O'Callaghan (Daonlathaithe Sóisialta)
Eoghan O'Brien (Fianna Fáil)
Daire Ní Laoi (Sinn Féin)
Jimmy Guerin (Neamh-Pháirtí)
Anthony Lavin (Fine Gael)
Brian McDonagh (Páirtí an Lucht Oibre)
David Healy (Comhaontas Glas)
Keith Redmond (Neamh-Pháirtí)

TOGHCEANTAR MHULLACH EADRAD

Paul Donnelly (Sinn Féin)
David McGuinness (Neamh-Pháirtí)
Edmond Lukusa (Sinn Féin)
Tania Doyle (Neamh-Pháirtí)
Kieran Dennison (Fine Gael)
Lorna Nolan (Neamh-Pháirtí)
Mary McCamley (Páirtí an Lucht Oibre)
Matthew Waine (Neart le Chéile)

TOGHCEANTAR SHOIRD

Ann Graves (Sinn Féin)
Darragh Butler (Fianna Fáil)
Adrian Henchy (Fianna Fáil)
Joe Newman (Neamh-Pháirtí)
Eugene Coppinger (Neart le Chéile)
Anne Devitt (Neamh-Pháirtí)
Paul Mulville (Daonlathaithe Sóisialta)
Justin Sinnott (Neamh-Pháirtí)
Duncan Smith (Páirtí an Lucht Oibre)

COMHALTAÍ TOFA June - December 2019



Méara
Eoghan O'Brien
Fianna Fáil



Leasmhéara
Tom Kitt
Fianna Fáil

Baile Bhrigín



Tony Murphy,
Neamh-Phairtí



Cllr Joe O'Brien,
Green Party/An
Comhaontas Glas
Meitheamh - Samhain



Gráinne Maguire,
Neamh-Phairtí



Seána Ó Rodaigh,
Páirtí an Lucht
Oibre Party



Tom O'Leary,
Fine Gael

Comhaltaí Tofa



Baile Bhlainséir – Mhullach Eadrad



Mary McCamley,
Páirtí an Lucht
Oibre Party



Breda Hanaphy,
Sinn Féin



John Burtchaell,
Nearth le Chéile



Punam Rane,
Fine Gael



Freddie Cooper,
Fianna Fáil

Caisleán Cnucha



Roderic O’Gorman,
Green Party/An
Comhaontas Glas



Emer Currie,
Fine Gael



Ted Leddy,
Fine Gael



John Walsh,
Páirtí an Lucht
Oibre Party



Howard Mahony,
Fianna Fáil



Natalie Treacy,
Sinn Féin

Comhailtaí Tofa



Binn Éadair-Mullach Íde



Eoghan O'Brien,
Fianna Fáil



David Healy,
Green Party/An
Comhaontas Glas



Cian O'Callaghan,
Daonlath
Sóisialta



Brian McDonagh,
Páirtí an Lucht
Oibre Party



Jimmy Guerin,
Neamh-Phairtí



Aoibhinn Tormey,
Fine Gael



Anthony Lavin,
Fine Gael

Ongar



Paul Donnelly,
Sinn Féin



Tania Doyle,
Neamh-Phairtí



Tom Kitt,
Fianna Fáil



Daniel Whooley,
Green Party/An
Comhaontas Glas



Kieran Dennison,
Fine Gael

Comhaltaí Tofa



An Ros - Lusca



Robert O'Donoghue,
Páirtí an Lucht Oibre
Party



Adrian Henchy,
Fianna Fáil



Brian Dennehy,
Fianna Fáil



Cathal Boland,
Neamh-Phairtí



Paul Mulville,
Daonlath
Sóisialta

Sord



Darragh Butler,
Fianna Fáil



Ian Carey,
Green Party/An
Comhaontas Glas



Dean Mulligan,
Neamhspleách i
dtreo Ahtrú



Duncan Smith,
Páirtí an Lucht
Oibre Party



Joe Newman,
Neamh-Phairtí



Brigid Manton,
Fianna Fáil



Ann Graves,
Sinn Féin

DÁMHACHTAINÍ CORPARÁIDEACHA



Le linn 2019 aithníodh an obair Lfiúntach a dhéanann Comhairle Contae Fhine Gall ar bhonn laethúil.

I mí Feabhra, ainmníodh Páirc Naomh Chaitríona, BÁC 15 mar Pháirc Phoiblí is Fearr, agus bhuaigh Córas Chomhairle Contae Fhine Gall ina ndéantar Feithiclí Leictreacha a Luchtú ar Shoilse Sráide an Tionscnamh Cliste Fuinnimh is Fearr ag Dámhachtainí Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA).

I mí na Samhna 2019, ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann bhuaigh Fine Gall roinnt dámhachtainí, lena n-áirítear an Dea-Chleachtas i Rannpháirtíocht an tSaoránaigh as an bhfeachtas Ár mBaile Bhrigín, mar aon le Féile na Bliana don Fhéile Chloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath, agus chomh maith leis sin ainmníodh muid mar Údarás Áitiúil na Bliana.

D'éirigh go hiontach le Fine Gall ag Dámhachtainí Mhórtas Ceantair IPB agus ainmníodh Flemington, Baile Bhrigín mar 'Chomharsanacht Uirbeach is Fearr', agus bhí cónaitheoirí an Eastáit Whitestown, Baile Átha Cliath 15 sa dara háit sa chatagóir 'Eastát Tithíochta is Fearr'.O

Tugadh aitheantas don straitéis

Ár mBaile Bhrigín maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus bhuaigh sí Feachtas is Fearr na hEarnála Poiblí ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Chaidreamh Poiblí.

Tugadh aitheantas do Chaisleán Shoirid in 2019 ag Dámhachtainí Innealtóirí Éireann áit a mbronnadh gradam Oidhreacht agus Caomhnaithe orthu as an obair athfhorbartha ar Chaisleán Shoirid atá ina cuid lárnach den tionscadal Ceantar Cultúrtha Shoirid.

Ag na Dámhachtainí Soláthair Náisiúnta, bronnadh an gradam "Tionscadal na Bliana" ar bhunú an Láraonaid Soláthair.

Bhuaigh an tionscadal ACORN an Dámhachtain Cumarsáide ag Dámhachtainí um Aitheantas agus Ghaisce Aoisbháúil Náisiúnta.

Ag Dámhachtainí Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath-Fhine Gall agus CRS, bhuaigh Teach agus Feirm an Droichid Nua an chatagóir Seirbhís Fóillíochta/Turasóireachta is Fearr.



Buaicphointí



Buaicphointí Chomhairle Contae Fhine Gall in 2019:

Reáchtáladh Toghcháin Áitiúla 2019

Seoladh Pobal Bhaile an Lotrail

Bleperbike tugtha isteach

D'oscail An Taoiseach, Leo Varadkar Páirc Chruicéid

Bhaile an Tirialaigh

Tionscnamh Sráide Scoile

Suíomh Gréasáin nua seolta www.fingal.ie

Tuarascálacha/Pleananna/Straitéisí:

Plean Athnuachana Socheacnamaíoch Bhaile Bhrigín 2019- 2025

Plean Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall 2019-2025

Plean Gníomhaíochta Aeráide Fhine Gall 2019-2024

Tríú Plean Oidhreachta

Straitéis Scileanna Fhine Gall, an chéad cheann riamh forbartha ag aon Údaras Áitiúil in Éirinn.

Dréachtphlean Seandálaíochta Pobail fhine Gall 2019-2023 oscailte le haghaidh comhairliúchán poiblí agus aighneachtaí

Straitéis um Imeachadh Imirceach & Comhtháthú Sóisialta Chomhairle Contae Fhine Gall

Dréachphlean Cheantair Áitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath ar taispeáint ar feadh tréimhse 6 seachtainí

Deontais:

Scéim Dheontais Spórt don Aos Óg

Cúnamh Airgeadais do Chomhlachtaí Faofa faoin

Scéim Cúnaimh Caipitil

Tionscadal Samhraidh Fhine Gall Tionscadal Éire

Ildánach 2019 Deontais Phobal Éire Ildánach

Scéim Maoinithe do Ghníomhartha Pobail

Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí

Scéim Tacaíocht na nEalaíon

Maoiniú Gníomhaíochta Maoiniú d'Éire Ildánach

Ciste Oidhreachta Seandálaíochta

Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha

Ciste na Struchtúirí Stairiúla

Tacaíochtaí Airgeadais:

Buiséad 2020

Cáin Mhaoine Áitiúil

○ An laghdú 10% sa Cháin Mhaoine Áitiúil a choimeád do 2020.

Faomhadh na Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2018 agus Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil



Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Seirbhísí Seandálaíochta

Soláthar chomhairle seandálaíochta agus seirbhísí don eagraíocht

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

SS 1 DEARADH SEANDÁLAÍOCHTA ARDCHAIGHDEÁIN A SHOLÁTHAR, CAOMHNÚ, DEARADH UIRBEACH, SOLÁTHAR FOIRNGIMH AGUS SEIRBHÍSÍ SUIRBHÉIREACHTA CHAINNÍOCHTA DO GACH RANNÓG DEN CHOMHAIRLE

I measc na seirbhísí éagsúla a tairiscíodh bhí staidéir indéantachta, measúnacht láithreán, próisis ceadaithe reachtúla, tairiscint agus riarachán conartha, soláthar, pleanáil costas agus rialaithe, dearadh uirbeach agus intí, agus riarachán ar dheontais chaomhnaithe chun an oidhrecht thógtha a chosaint. Soláthraíodh na seirbhísí maidir le cineálacha tionscadal éagsúla, lena n-áirítear struchtúirí nua, síntí, athchóiriú, caomhnú agus seirbhísí cothabhála.

SS 2 MÁISTIRPHEAN SEANDÁLAÍOCHTA DO CHAISLEÁN SHOIRD A ULLMHÚ INA MOLTAR OIBREACHA AGUS BEARTA CHUN CAISLEÁN SHOIRD AGUS PURLÁIN A ATHNUACHAN.

Leanadh leis an gclár oibreacha ag Caisleán Shoird chun rochtain a éascú ar na siúlóidí balla, ar an Túir Thoir agus ar dhíon an Teampaill, agus scartáladh roinnt foirgneamh ar an tSráid Thuaidh.

Sainchúram straitéiseach a fhorbairt d'Ionad Cathrach Shoird le hionchur ó rannóga éagsúla. Tá sé i gceist leis an sainchúram seo Leabharlann Contae agus Ionad Ealaíona i Sord a fhorbairt. Ceapadh foireann Bainistíochta Tionscadal i nDeireadh Fómhair chun cuidiú le forbairt na dtionscadal sa Cheantar Cultúrtha.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Seirbhísí Pobail

Seirbhísí Leabharlainne, Pobail, Spóirt agus Cultúrtha

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

- PS 1** ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR PHLEAN STRAITÉISEACH UM FHOIBAIRT PHOBAIL I BHFINE GALL 2010- 2015 Rinneadh athbhreithniú ar an straitéis agus foilsíodh Ráiteas Físe um Fhorbairt Phobail in 2019.
- PS 2** ÍONRALÁIDIR A FHOIBAIRT DON RANPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL A FHOIBAIRT, AGUS PLEAN FOLLÁINTE A CHUR I BHFEIDHM DO SHAORÁNAIGH FHINE GALL Tháinig méadú ar líon na ngrúpaí cláraithe leis an PPN um 131 go dtí 846 i mí na Nollag 2019. Ceapadh Oibrí Tacaíochta Acmhainne chun tionscnaimh an Plean Folláinte a bhaint amach.
- PS 3** CUR I BHFEIDHM AN PHLEAN EALAÍON 2013-2017 Leanadh le gníomhaíochtaí an bPlean Ealaíon a chur i bhfeidhm. Ullmhaithe an Plean Ealaíon nua 2018-2025 agus seoladh é ag deireadh 2019.
- PS 4** “DEISEANNA DO CHÁCH” A CHUR I BHFEIDHM – STRAITÉIS DO LEABHARLANNA POIBLÍ 2013-2017 Straitéis náisiúnta nua ‘Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – Pobail a spreagadh, a nascadh agus a chumasú’. Tá sé mar aidhm leabharlanna a fhorbairt mar chroílár don phobal agus don fhorbairt chultúrtha, leis an mbéim ar acmhainneacht teicneolaíochta agus digiteach a fheabhsú. Staid in 2019:
- Cuireadh deireadh le fíneáil a ghearradh do leabhair thar téarma, mar ba leir ón taighde nach raibh iontu ach bacainn ar an mballraíocht.
 - Clár straitéiseacha, lena n-áirítear an Ceart le Léamh, Éire Sláintiúil i do Leabharlann, agus Cúrsaí Oibre coordaithe go lárnach agus leathnaithe amach go háitiúil.
 - Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil do thionscnaimh a thacaíonn leis an Uathchas agus le leathnú amach na seirbhíse ‘Mo Leabharlann Oscailte’.
- PS 5** AN STRAITÉIS SPÓIRT A CHUR I BHFEIDHM – TACÚ LE SPÓRT I BHFINE GALL, 2011-2016 Leantar le gníomhaíochtaí na Straitéise Spóirt a chur i bhfeidhm. Foilsíodh Ráiteas Físe Spóirt in 2019
- PS 6** GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN TIONSCNAIMH ‘STRAITÉIS AOISBHÁUIL FHINE GALL 2012-2017’ A CHUR I BHFEIDHM Leantar le gníomhaíochtaí faoin Straitéis Aoisbháuil a chur i bhfeidhm.
- PS 7** ACAÍOCHT AGUS CÚNAMH A THABHAIRT DO DHAOINE AGUS DO PHOBAIL NUA AGUS SEANBHUNAITHE ARAON CHUN GO MBEIDH ROCHTAIN ACU AR SHEIRBHÍSÍ, GO MBEIDH SIAD RANPHÁIRTEACH AGUS GO GCUIRFIDÍS LENA BPOBAL FÉIN. Leanadh leis an obair le pobail sheanbhunaithe agus le pobail nua chun acmhainneacht a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht ina gceantar féin.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Gnóthaí Corparáideacha & Rialachais

Tacaíocht a sholáthar don eagraíocht maidir le feidhmeanna daonlathacha agus tacaíocht chorparáideach agus pleanáil straitéiseach

Straitéisí Tacaíochta	Nuashonrú
GC 1 TACÚ LEIS NA COMHALTÁI TOFA MAIDIR LE POLASAÍ A DHÉANAMH AGUS LENA RÓIL MHAOIRSEACHTA AGUS IONADAÍOCHTA	Rinneadh seirbhís ar gach cruinniú coiste Comhairle agus Ceantair sceidealta a reáchtáladh i rith na bliana, lena n-áirítear craoladh gréasáin a dhéanamh de na cruinnithe agus Miontuairiscí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
GC 2 BAINISTÍOCHT FEIDHMIÚCHÁIN GNÓ LÁIDIR A SHOLÁTHAR MAR AON LE BAINISTÍOCHT RIOSCA, SOLÁTHAR, AGUS STRUCHTÚIRÍ AGUS CÓRAIS MAIDIR LE RIALACHA CORPARÁIDEACH AGUS INIÚCHÓIREACHTA	Leanadh le gníomhaíochtaí rialachais agus córais bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm in 2019. Reáchtáladh cruinnithe Coiste Iniúcháireachta de réir na rialachán, agus bhí dul chun cinn déanta ar an bplean oibre don Iniúcháireacht Inmheánach.
GC 3 FEIDHMÍOCHT NA HEAGRAÍOCHTA A THOMHAS AGUS A THUAIRISCIÚ	Cuireadh torthaí monatóireacha ar fheidhmíocht agus ETF ar fáil don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ar bhonn ráithiúil. Bhuail an Rannóg Rialachais Chorparáideach (Aonad Iniúcháireachta Inmheánach agus Soláthair Lárnach) le chéile freisin le Stiúrthóirí Seirbhíse go ráithiúil chun comhairle agus maoirseacht a sholáthar in eochair-réimsí.
GC 4 SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ AGUS CUR CHUIGE CHUN DÉILEÁIL LE GEARÁIN SEASMHACH AGUS ARDCHAIGHDEÁIN A SHOLÁTHAR AR FUD NA HEAGRAÍOCHTA	Tá sé mar aidhm ag an Aonad Cúraim Custaiméirí (CCU) fadhbanna a réiteach ag an gcéad bpointe teagmhála don chustaiméir. Rinne gníomhairí CCU gach caidreamh custaiméara a thaifeadadh a bhí ann leis an CCU – via fón, ríomhphoist, go pearsanta, srl., agus nuair ab fhéidir, réitíodh láithreach iad. Rinneadh próiseáil ar agus freagraíodh ar gach gearán a fuarthas go tráthúil agus de réir Chairt Shaoránaigh na Comhairle.
GC 5 STRAITÉISÍ AGUS CAINÉIL A FHOIRTEAR A ÚSÁIDEANN TEICNÍCÍ LITEARTHACH-BHÁÚIL CHUN AN CONTAE AGUS OBAIR NA COMHAIRLE A CHUR CHUN CINN, AGUS CUMARSÁID ÉIFEACHTACH, COMHAIRLIÚCHÁN AGUS CAIDREAMH LE DAOINE AGUS LE HEAGRAÍOCHTAÍ A CHUMASÚ.	Tá Straitéisí Chumarsáide forbartha ag an gComhairle agus feidhmíonn an tAonad Cumarsáide thar seacht bpiléar ag baint úsáide as uirlisí cumarsáide éagsúla chun Fine Gall a chur chun cinn, aird a tharraingt ar obair na Comhairle agus feasacht a chinntiú i measc saoránaigh agus páirtithe leasmhara.
GC 6 SCÉIM TEANGA GHAELGE 2015-2018 DE CHUID CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL A CHUR I BHFEIDHM	Cuireadh oiliúint sa Ghaeilge ar an bhfoireann. Faomhadh an tríú Scéim Teanga. Cuireadh an Plean Feidhmiúcháin don Tríú Scéim Teanga i gcrích. Seoladh an suíomh gréasáin nua le leagan Gaeilge ann. Cuireadh ábhar de chuid na Comhairle ar fáil as Gaeilge, agus reáchtáladh imeachtaí promóisin, m.sh. Preab-Ghaeltachtaí.
GC 7 GO MBEIDH EOLAS AR FÁIL AGUS ROCHTAIN AIR, AGUS CINNTIÚ GO BHFUIL CULTÚR OSCAILTEACHTA ANN LAISTIGH DEN EAGRAÍOCHT	Déantar gach iarratas ar shonraí agus taifid a phróiseáil laistigh den achar ama reachtúil, agus ceadaítear formhór mór na n-iarratas go hiomlán nó i bpáirt.
GC 8 DUALGAIS EARNÁLA POIBLÍ NA HEAGRAÍOCHTA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHUR I BHFEIDHM	Feabhas leanúnach maidir le seirbhísí a sheachadadh, agus le forbairt eagraíochtúil agus foirne.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta & Turasóireachta

Tacaíochtaí a sholáthar chun forbairt eacnamaíoch atá struchtúrtha agus inharthana a dhéanamh ar Fhine Gall trí thionscadail a phleanáil, a thosú agus a bhainistiú – tionscadail a chuireann go dearfach leis an bhforbairt eacnamaíoch agus phobail atá ar bun sa tír

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

FE 1

TACÚ LEIS AN BHFORBAIRT EACNAMAÍOCH ÁITIÚIL TRÍ FHINE GALL A CHUR CHUN CINN MAR SHUÍOMH INAR FÉIDIR INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH, AGUS TRÍ THIONSCNAIMH POLASÁI EARNÁLA A FHORBAIRT AGUS A CHUR I BHFEIDHM

Seoladh an Plean Athnuachana Ár mBaile Bhrigín 2019 – 2025 i mBealtaine 2019 tar éis an-chuid comhairliúcháin phoiblí a bheith ann, agus cuimsíonn sé 93 tiomantas thar ceithre Philéar:

- An Ríocht Phoiblí
- An Geilleagar Áitiúil a mhéadú
- Gnóthaí Pobail & Imeascadh
- Oideachas, Oiliúint & Fostaíocht.

Tá an Chomhairle tiomanta “20 rud sa chéad 12 m” a sheachadadh.

Ghlac Baile Bhrigín ballraíocht sa Líonra EU URBACT faoin tionscadal iPlace a dhíríonn ar nideoga agus ar éiceachórais eacnamaíocha áitiúla a fhorbairt.

Cuireadh críoch le Straitéis Scileanna Fhine Gall in 2019 agus díródh ar 34 moladh agus gníomh chun soláthar scileanna a dhaingniú i bhFhine Gall.

FE 2

OBAIR AN CHOISTE UM FHORBAIRT PHOBAIL ÁITIÚIL (LCDC) A ÉASCÚ, AGUS SPC EACNAMAÍOCH, FIONTRAÍOCHTA AGUS TURASÓIREACHTA

Tugadh tacaíocht iomlán don LCDC agus don SPC EETD chun a gclár oibre faoi seach a chríochnú. Bhuaile an SPC Eacnamaíoch, Fiontraíochta & Turasóireachta le chéile cúig huaire agus an LCDC sé huaire in 2019.

FE 3

NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A SHEACHADADH ATÁ LEAGHTA AMACH I BPLEAN POBAL ÁITIÚIL & EACNAMAÍOCH FHINE GALL, AGUS TACÚ LE POLASAITHE NÍOS LEITHNE MAIDIR LEIS AN NGEILLEAGAR, LEIS AN BHFIONTRAÍOCHT AGUS LEIS AN TURASÓIREACHT AG LEIBHÉAL RÉIGIÚNACH AGUS NAISIÚNTA

Leanadh le cur i bhfeidhm an LECP i roinnt rannóga de chuid na Comhairle agus thar mórán páirtithe leasmhara. Rinne an LECP dul chun cinn maidir le gach sprioc agus cuspóir.

FE 4

COMHORDÚ, BAINISTÍOCHT AGUS MAOIRSEACHT A DHÉANAMH AR CHLÁIR FHOBBARTHA ÁITIÚLA A CHUR I BHFEIDHM, CLÁR GNÍOMHACHTÚCHÁIN POBAIL UM IMEASCADH SÓISIALTA DE CHUID AN RIALTAIS (SICAP) AGUS LEADER SAN ÁIREAMH

Bhain SICAP Fhine Gall na cuspóirí bliantúil amach a bhí pleanáilte dó, agus luaitear é mar shampla den deachleachtas go náisiúnta.

An tionscadal LEADER faoi mhaoirseacht an Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) Bhaile Átha Cliath Tuaithe, ina bhfuil ionadaíocht ó Fhine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. D'fhaomh LCDC os cionn €1.5 milliún do 18 tionscadal nua in 2019.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta & Turasóireachta

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

FE 5 FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA ÁITIÚIL A CHOThÚ TRÍ CHOMHAIRLE GNÓ, EOLAS AGUS TACAÍOCHT AIRGEADAIS A SHEACHADADH TRÍ OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (OFA) FHINE GALL, AGUS AN PLEAN FIONTAIR BLIANTÚIL A CHUR I BHFEIDHM

Lean OFA Fhine Gall gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm ón bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Poist i réigiún Bhaile Átha Cliath 2016-2018, ó Straitéis Fiontair Réigiúnach Bhaile Átha Cliath 2017-2019 agus ó Fiontair 2025. Chuir na gníomhaíochtaí seo tacaíocht agus scileanna ar fáil do ghnólachtaí i bhFine Gall chun dul i méid agus an fhostaíocht a mhéadú ar fud an Chontae.

I rith na bliana:

- Faomhadh €1,007,000 mar chúnamh airgeadais tionscnaimh do Ghnólachtaí Fhine Gall (do ghnólachtaí nuathionscanta), deontais indéantachta, deontais um leathnú gnó, deontais nuálaíochta aclaí, Dearbháin Trádála Ar Líne, deontais Forbartha Easpórtálaí, Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE) agus scéimeanna eile a bhfuil mar aidhm acu an fiontar a spreagadh agus poist a chruthú. Cruthaíodh 109 post in 2019.
- Seachadaíodh ceardlanna forbartha gnó do 534 client.
- Ritheadh an tSeachtain Fiontair ar fud an Chontae.
- Seachadaíodh clinic gnó do 739 client agus ceadaíodh 162 tasc meantóireachta.
- Ceadaíodh 64 Dearbhán Trádála Ar Líne.
- Seachadaíodh cúrsaí do 174 fiontraí ionchasacha faoi conas do Ghnólacht Féin a Thosú.

FE 6 Tá AN STRAITÉIS TURASÓIREACHTA Á CUR I BHFEIDHM I GCÓNÁÍ. Tá ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS AR BUN CHUN GNÍOMHAÍOCHTAÍ A NUASHONRÚ AGUS A ATHNUACHAN. TáTHAR AG CUR I BHFEIDHM FREISIN GNÍOMHAÍOCHTAÍ A EASCRAÍONN AS ATHBHREITHNIÚ STRAITÉISEACH AR MHAOIN OIDHREACHA FHINE GALL.

Rinneadh infheistíocht chaipitil shuntasach inár bpunann Maoine Oidhreacha in 2019.

FE 7 SEALBHÚ AGUS DIÚSCAIRTÍ MAOINE A FHORGHNÍOMHÚ, AGUS CINNTE A DHÉANAMH DE GO N-ÚSÁIDTEAR PUNANN MAOINE NA COMHAIRLE, BUNACHAR TALÚN STRAITÉISEACH AGUS IONAI D FIONTAIR CHUN GO MBAINFÍ OIREAD TAIRBHE SHÓISIALTA AGUS EACNAMÁIOCH AS AGUS IS FÉIDIR.

Tá Seirbhísí Maoine ag leanúint orthu maoine a shealbhú agus a dhiúscairt agus a chinntiú go n-úsáidtear punann maoine na Comhairle, bunachar talún straitéiseach agus ionaid fiontair chun go mbainfí oiread tairbhe shóisialta agus eacnamaíoch as agus is féidir. Cuireadh gach sealbhú agus diúscairt maoine i gcrích de réir na reachtaíochta ábhartha.

Lean Forbairt Tionsclaíoch lena Clár Forbartha agus Bainistíochta ar Pháirceanna Tionscail, lena n-áirítear diúscairt suíomh tionscail chun tacú le cruthú poist agus fás eacnamaíoch. Mheall Clár Infheistíochta Oibriúcháin agus Margaíochta infheistíocht nua isteach i gCrios Fiontair Bhaile Átha Cliath agus i mBaile Stiofáin, Baile Bhrigín.

Lean na trí Ionad Fiontair de chuid na Comhairle orthu ag taú le gnólachtaí nuathionscanta sa Chontae agus bhí 68 gnólacht lonnaithe sna hionaid ag tacú le 342 post.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



An Comhshaol agus Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Polasaithe inmharthana a fhorbairt agus a chur i bhfeihm chun ár dtiompeallacht a chosaint, agus soláthar agus leithdháileadh uisce óil ardchaighdeán, agus uisce fuíll a chóireáil a dhiúscairt

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

COG 1	POLASÁI OIRIÚNAITHEACH A FHORBAIRT DE RÉIR AN CHREATA NÁISIÚNTA UM OIRIÚNÚ DON ATHRÚ AERÁIDE & STRAITÉIS ATHRÚ AERÁIDE BHAILE ÁTHA CLIATH.	Cuireadh Plean Gníomhaíochta Athrú Aeráide na Comhairle faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil i Meán Fómhair 2019. Ghlac an Chomhairle leis an bPlean i mBealtaine 2019 tar éis comhairliúchán de sé seachtainí. Dréachtaíodh an Plean de réir Treoirlínte Forbartha um Straitéis a Oiriúnú de chuid na hÚdaráis Áitiúla.
COG 2	TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA FHINE GALL A CHOSAINN AGUS A FHEABHSÚ TRÍ OIDEACHAS ÉIFEACTACH, FEASCHT, MONATÓIREACTH AGUS FORFHEIDHMIÚ PHOLASÁI AGUS REACHTAÍOCHT ÁITIÚIL AGUS NÁISIÚNTA	Chuir an tOifigeach um Oideachas Comhshaoil clár chun cinn agus ar fáil maidir le Scoileanna Glasa, Pobail Níos Glaise, Tionscnaimh Uirlisí, srl. agus bhí sí i mbun caidrimh le rannóga inmheánacha agus le grúpaí pobail chun feasacht maidir leis an gcomhshaoil a chur chun cinn.
COG 3	ÉIFEACTACHT FUINNIMH A FHEABHSÚ 3% IN AGHAIDH NA BLIANA AGUS SPRIOC GHINEARÁLTA DE 33% ROIMH 2020	Tá an Chomhairle ar an mbóthar ceart chun feabhas 33% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach roimh Nollaig 2020. Baineadh feabhas 27.8% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh amach roimh Nollaig 2018. Tá monatóireacht agus tuairisiciú do 2019 ar bun agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe roimh dheireadh Mheithimh 2020.
COG 4	GNIOMHÚ MAR GHNÍOMHAIRÍ D'UISCE ÉIREANN FAOIN GCOMHAONTÚ SEIRBHÍSE A TUGADH ISTEACH AR 1 Eanáir 2014	Lean an Rannóg Seirbhísí Uisce air Comhaontú Seirbhíse a fheidhmiú do Chomhairle Contae Fhine Gall thar ceann Uisce Éireann.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Comhshaol agus Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Straitéisí Tacaíochta

ENW 5 PLEAN BAINISTITHE DRAMHÁOLA RÉIGIÚN AN OIRTHIR AGUS LÁR TÍRE 2015-2021 A CHUR I BHFEIDHM MAR AON LEIS AN BPLEAN BAINISTITHE ABHANTRAÍ 2015-2021

Nuashonrú

Foilseofar an tuarascáil 2018/19 don Phlean Bainistithe Dramháola Réigiúnach ar www.emwr.ie/emwr-plan/ in am is i dtráth.

Ritheann an dara sraith den Phlean Bainistithe Abhantraí ó 2018 go dtí 2021. Eascaíonn an Plean seo ó fhorfheidhmiú an Chreata-treoir Uisce 2000. Tá Fine Gall ina chuid de Struchtúr Limistéir Abhantraí Náisiúnta leasaithe, a bhfuil mar phríomhaidhm aige go gcomhlíonfar na dualgais reachtúla atá leagtha amach sa Treoir mar a bhaineann siad le huisce dromchla, le screamhuisce agus le huisce cósta, lena n-áirítear Rialacháin Uisce Snámha 2008.

Faoin bplean, tá trí príomhréimsí:

- An limistéar a dhraenálann isteach in Inbhear Bhaile Roiséir
- Abhainn Sheantraibh
- Dobharcheantar Abhann na Tulchann Uachtar

Tá na hoibreacha sna háiteanna seo faoi stiúir Oifig Chláir Uisce na hUdaráis Áitiúla. Chuir Fine Gall tacaíocht ar fáil agus d'fhiosraigh sé athreoruithe in 2019.

Seirbhísí Airgeadais

Comhairle agus seirbhísí Bainistíochta Airgeadais a sholáthar don eagraíocht

SA 1 SEACHADADH NA gCLÁR CAIPITIL GLACTHA AG AN gCOMHAIRLE A CHUR CHUN CINN, FAOI RÉIR MAOINITHÉ A BHEITH AR FÁIL

Cuireadh an Clár Caipitil trí bliana 2020-2022 faoi bhráid na Comhairle i nDeireadh Fómhair 2019. Déantar monatóireacht ar an gClár Caipitil i rith na bliana.

SA 2 MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR RIACHTANAIS AIRGEADAIS GEARRTHÉRAMACH AGUS FADTÉARMACH NA COMHAIRLE

Leanadh leis an mbainistíocht stuama ar acmhainní airgeadais na Comhairle agus bunaítear riachtanais airgeadais na Comhairle ar an mBuiséad agus ar Phleanáil Chaipitil i measc rudaí eile.

SA 3 BARR FEABHAIS A CHUR AR ÚSÁID ACMHAINNÍ AGUS LUACH AR AIRGEAD A FHÁIL

Sa Bhuiséad Bliantúil agus sa Phlean Caipitil leagtar amach leithdháileadh na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil don Chomhairle agus déantar monatóireacht air sin i rith na bliana.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Acmhainní Daonna

Seirbhísí Bainistíochta Acmhainní Daonna a sholáthar don eagraíocht

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

AD 1	CULTÚR A FHOIRNEAGH A CHUIRFIDH AR CHUMAS NA FOIRNE BARR A GCUMAIS A BHAINN AMACH AGUS A CHUIREANN GO DEARFACH LEIS AN GCOMHAIRLE	Earcaíodh foireann cháilithe. Cuireadh i bhfeidhm Forbairt Inniúlachta i ngach Clár Oiliúna agus Forbartha. Bainistíocht réamhghníomhach maidir le Tinreamh.
AD 2	TACÚ LEIS AN BHFOIREANN AGUS LEIS AN BHFORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL TRÍ CHÓRAS FORBARtha BAINISTÍOCHT FEIDHIÚCHÁIN A CHUR I BHFEIDHM, MAR AON LE CREATLACHA INNIÚLACHTA AGUS CLÁIR FORBARtha	Próiseas PMDS ar siúl go bliantúil Tá an Chreatlach Inniúlachta ina dlúthchuid den nós imeachta earcaíochta agus den Chlár Oiliúna agus Forbartha. Tairiscíodh deiseanna oiliúna agus forbartha agus cuireadh i gcrích iad.
AD 3	BARR FEABHAIS A CHUR AR ÚSÁID NA FOIRNE AGUS AR DHEISEANNA TRÍ PHLEANÁIL	Feachtais Earcaíochta gníomhacha. Clár um aistriú soghluaiseachta i bhfeidhm. Pleananna comharbais bunaithe ar an bpróiseas PMDS
AD 4	RANNPHÁIRTÍOCHT FOIRNE AGUS STRUCHTÚR CUMARSÁIDE A FHEABHSÚ TRÍ PMDS, TRÍ BHAINISTÍOCHT LÍNE AGUS CAINÉIL CHUMARSÁIDE INMHEÁNACHA FEABHSAITHE.	Próiseas PMDS ag dul ar aghaidh go bliantúil. Cruinnithe foirne ag dul ar aghaidh faoi na cláir oiliúna 'Engage' Cláir Oiliúna Cheannasaíochta
AD 5	FOLLÁINE NA FOIRNE A CHOThÚ TRÍ CHLÁIR SHLÁINTE CHEIRDE, FOLLÁINE, ÉAGSÚLACHTA AGUS CHOMHIONANNAIS	Próiseas bainistíochta réamhghníomhach i bhfeidhm maidir le tinreamh. Soláthar ar an láthair de Sheirbhísí Folláine don fhoireann. Cláir Éagsúlachta agus Chomhionannais in áit. Seachtain na Sláinte agus na Folláine
AD 6	GLACADH LE DEACHLEACHTAS MAIDIR LE CÚRSAÍ SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA	Iniúchtaí Sábháilteachta déanta 2 iniúchóir sábháilteacta inmheánach fostaithe Iniúchtaí Sábháilteachta déanta Tacaíocht tugtha d'Ionadaithe Sábháilteachta agus do Mhaoir Dóiteáin Laghdú bliain ar bhliain ar Eachtraí Tromchúiseacha san Áit Oibre

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Seirhísí Tithíochta

Comhairle agus seirbhísí Bainistíochta Airgeadais a sholáthar don eagraíocht

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

- ST 1** STRAITÉIS TITHÍOCHTA AN RIALTAIS I bhFINE GALL A CHUR I bhFEIDHM
- Déantar an tithíocht sóisialta a sheachadadh faoi threoir Straitéis Tithíochta Fhine Gall, faoi Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024 agus faoi spriocanna straitéis an Rialtais, Éire a Aththógáil – Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine, a bhfuil mar thosaíocht aige dul i ngleic leis an easpa dídine, dlús a chur le seachadadh tithíochta de gach tionacht, earnáil cíosa níos fearr agus úsáid níos éifeachtaí den stoc tithíochta.
- ST 2** DÉILEÁIL LE DAOINE GAN DÍDEAN SA CHONTAE
- Bhí measúnu i gceantair ar leith de réir éilimh mar aon le heolas agus seirbhísí tacaíochta in áit. Maolaítear an easpa dídine trí chinéalacha éagsúla de Thacaíocht Tithíochta Sóisialta, an HAP Easpa Dídine san áireamh.
- ST 3** GLAC LE AGUS CUIR I bhFEIDHM PLEAN FORBARTHA CONTAE FORÁSACH 2017-2023 A THACAÍONN LE LEATHNÚ AMACH STRAITÉIS TITHÍOCHTA FHINE GALL.
- Tá clár uailmhianach i bhfeidhm maidir le Tithíocht Sóisialta a Sheachadadh. Tá seachadadh de thithe sóisialta breise i bhFine Gall dírithe ar trhi phríomhghníomhartha – Tóg, Ceannagh agus Léasaigh.
- ST 4** ÁITÍOCHT AN STOIC TITHÍOCHTA SÓISIALTA A UASMHÉADÚ
- Fuarthas méadú €3.3m in 2019 sa mhaoiniú sannaithe ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Cheadaigh an Chomhairle 291 iarratas ar dheontas oiriúnaithe a bhí curtha isteach ag teaghlaigh phíobháideacha, agus rinneadh oiriúnuithe a raibh luach €586k orthu ar stoc de chuid na Comhairle i rith na bliana. De bharr na n-oibreacha seo, bhí ar chumas saoránaigh fanacht ina dtithe féin. Baineadh caighdeán feidhmíochta de circa 1% de thithe folmha laistigh den stoc tithíochta sóisialta ag am ar bith.
- ST 5** AN CLÁR SOLÁTHAIR MAIDIR LE TITHÍOCHT SÓISIALTA A SHEACHADH AR AON DUL LE STRAITÉIS TITHÍOCHTA FHINE GALL
- Tá an Clár Seachadta Tithíochta Sóisialta ailínithe le Straitéis Tithíochta Fhine Gall agus le Plean Forbartha Fhine Gall. Tá a spriocanna bainte amach ag an gclár atá leagtha amach go dtí seo faoin bPlean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine – Éire a Athtógáil.
- ST 6** AN ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (HAP) A PHEANÁIL, A RIAR AGUS A BHAINISTIÚ
- Tá an tseirbhís HAP á riar i gcónaí. Cuireadh 727 tionóntacht HAP agus 365 tionóntacht HAP Gan Dídean in áit le linn 2019.
- ST 7** GNÍOMHAÍOCHTAÍ FAOIN gCLÁR CÓIRÍOCHTA DO THAISTEALAITHE 2014 – 2018 A CHUR I bhFEIDHM
- Tá Clár Cóiríochta nua do Thaistealaithe i bhfeidhm don tréimhse 2019 – 2023. Rinneadh iniúchta dóiteáin go rialta in 2019 mar aon le clár bainteach de bhearta chun dóiteáin a chosc.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Seirbhísí Faisnéise, Cumarsáide agus Digiteacha

Teicneolaíocht Faisnéise agus seirbhísí digiteacha a sholáthar don eagraíocht

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

TF 1 STRAITÉIS TFC & DIGITEACH A FHOIRTEAR AGUS A CHUR I BHFEIDHM DON EAGRAÍOCHT

Críochnaíodh Straitéis digiteach Fhine Gall in 2019. Agus an Straitéis á fhorbairt bhí próiseas comhairliúcháin ann do pháirtithe leasmhara agus bunaíodh an Grúpa Maoirseachta Digiteach d'Fhine Gall. Leagann an doiciméad amach an athrú ó bhonn a bheidh i bhFhine Gall i gcúrsaí digiteacha thar tréimhse trí bliana agus cuimsíonn sé roinnt táirge insoláthartha digiteacha straitéiseacha.

Díríonn an Straitéis ar cheithre bhunpiléar: Infreastruchtúr Digiteach, Pobal Digiteach, Gnó digiteach agus Rialtas Digiteach.

TF 2 BARR FEABHAIS A CHUR AR CHÓRAIS AGUS AR SHEIRBHÍSÍ INFREASTRUCHTÚIR CHUN SAORÁNAIGH, BAILL FOIRNE AGUS COMHAIRLEOIRÍ A CHUMASCÚ TEICNEOLAÍOCHTAÍ A ÚSÁID

I measc clár rollach d'uasghrádú ar infreastruchtúr agus ar láithreáin bhí:

- Líonra Infreastruchtúir Core agus Edge a athnuachan go hiomlán, acmhainneacht agus iomarcaíocht uasghrádaithe
- Uasghrádú ar an líonra gan sreang ar fud an chontae, lena n-áirítear acmhainneacht bhreise agus láithreán níos airde
- Athnuachan iomlán den infreastruchtúr fiontair Stórala/Ríomhaire
- 200+ freastalaí nua agus freastalaí ionaid a shuiteáil
- Uasghrádú ar infreastruchtúr TF slándála
- Uasghrádú ar infreastruchtúr cianoibre Citrix
- Uasghrádú ar fhoireann feidhmchláir, UPS and AC san áireamh
- Réitigh digiteacha agus AV d'Aitriam Shoird, do Sheomra na Comhairle agus don svuít CE
- Feistiú teicniúil agus uasghrádú ar láithreáin, lena n-áirítear ANCA, Leabharlann Cartlainne, Ionad Oiliúna Bhaile Cúlánn, Oibríochtaí Chúil Mhín, Leabharlann Dhomhnach Bat, Mol Not So Different
- WiFi corparáideach in áiteanna faoi leith i Halla an Chontae & Oifigí Cathartha
- WiFi poiblí in Aitriam Halla an Chontae agus i Seomraí na Comhairle do chuariteoirí
- Ríomhairí pearsanta gach ball foirne a athnuachan thar tréimhse cúig bliana, lena n-áirítear uasghrádú de gach Windows XP go dtí Windows 7
- Seirbhís tacaíochta/soláthair ríomhaire glúine a chur i bhfeidhm do Chomhairleoirí in 2014 & 2019

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Seirbhísí Faisnéise, Cumarsáide agus Digiteacha

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

TF 3 BARR FEABHAIS A CHUR AR INFREASTRUCTÚR, AR CHÓRAIS AGUS AR SHEIRBHÍSÍ CHUN SAORÁNAIGH, BAILL FOIRNE AGUS COMHAIRLEOIRÍ A CHUMASCÚ TEICNEOLAÍOCHTAÍ A ÚSÁID

Bhí an Rannóg TF chun cinn maidir le mórán tionscadal nuálaíochta agus feabhsuithe i bpróiseas gnó idir 2014 agus 2019, lena n-áirítear:

- Plean Forbartha Fine Gall 2017 – 2023
- Córas nua Teileafónaíochta Guthú IP
- Uasghrádú Córas Tithíochta OHMS
- Uasghrádú Córas Pleanála APAS
- Tionscadal Core HPPS: Cur i bhfeidhm Modúil Core AD, Párolla, Am & Tinreamh, Pinsean, Speansais, Sláinte & Sábháilteacht agus PMDS
- Toghchán Áitiúla 2019

Thosaigh an clár Trasfhoirmiú Digiteach na háite Oibre in 2019, agus in éineacht le Straitéis Digiteach Fhine Gall, leanfaidh sé air cinnte a dhéanamh de go seachadóidh Fine Gall próisis gnó nuálaíochta a chuirfidh lenár seirbhísí do chustaiméirí agus a mbeidh mar thoradh orthu áit oibre agus próiseas gnó feabhsaithe.

TF 4 TEICNEOLAÍOCHTAÍ TFC A ÚSÁID AGUS A LEATHNÚ AMACH, COSÚIL LEIS AN INLÍON, AR LÍNE, GIS, ANAILÍSEACHT SONRAÍ, FEIDHMÍOCHT AGUS CÓRAIS BHAINISTÍOCHTA FAISNÉISE CHUN FEABHAS A CHUR AR FHEIDHMÍOCHT AGUS AR ÉIFEACHTÚLACHT

During the past five years, the IT Department continued to respond to increasing internal and external technological demands.

Existing legacy applications were maintained and supported and usage guidance was provided to staff on how best to deliver maximum benefit to the organisation. This was achieved using a mixture of domain expertise and analysis skills.

Cuireadh réitigh ghnó shaincheaptha i bhfeidhm ag baint úsáide as roinnt teicneolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear GIS, Mobile, Éirim Ghnó, ardáin Web agus Microsoft:

- Seoladh suíomh gréasáin athchóirithe Fingal.ie
- Córas Ionadaíochta na gComhairleoirí
- Córas Aonad Cúraim Chustaiméirí
- Réitigh CRM lena n-áirítear
 - Iarratais maidir le Saoráil Faisnéise
 - Córas tacaíochta dóibh siúd gan dídean Saolré foirne
- Réitigh shoghluaisteachta lena n-áirítear
 - Scrúduithe ar Bhaoithe Tarrthála
 - Scrúduithe ar Chlóis Shúgartha agus tacaíochtaí Mhaor Páirce
- Deaiseanna Éirim Ghnó lena n-áirítear
 - Clár Riosca Corparáideach
 - Suíomh na nGearán maidir le Bruscar

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Seirbhísí Faisnéise, Cumarsáide agus Digiteacha

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

TF 5

CULTÚR FEABHAIS LEANÚNAÍ A CHOTHÚ AGUS TACAÍOCHT A THABHAIRT DO THEICHNICÍ BAINISTÍOCHTA TIONSCADAL AR FUD NA HEAGRAÍOCHTA

Déantar athbhreithniú agus léirmheas go rialta ar mhúnlaí bunúsacha i bpróisis agus sa chultúr. Cuirtear athruithe i bhfeidhm mar is gá ag baint úsáide as modheolaíocht bhainistíochta tionscadal. Mar thoradh ar an bpróiseas feabhais leanúnaí seo, tharla athstruchturú ó bhonn den Rannóg TF a thosaigh in 2019. Áirítear leis sin seirbhís bhainistithe don infreastruchtúr TF chomh maith le Deasc Freastail.

Dlí

Seirbhísí agus comhairle dlí a sholáthar don eagraíocht

D 1

SEIRBHÍSÍ DLÍ INMHEÁNACHA A SHOLÁTHAR DON PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH AGUS DO GACH RANNÓG DE CHUID NA COMHAIRLE MAIDIR LE FEIDHMEANNA REACTÚLA NA COMHAIRLE

Cuireadh seirbhísí agus comhairle dlí ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus Rannóga eile de réir mar a iarradh iad.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Seirbhísí Oibriúcháin

Cothabháil ghinearálta de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, de pháirceanna agus spásanna oscailte mar aon le tírdhreachú, cothabháil crainn, bailiú bruscair, trána, cuanta agus leithreas poiblí

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

- SO 1** INROCHTAINEAHT A FHEABHSÚ DO SHAORÁNAIGH
- Lean an Rannóg Oibriúcháin uirthi áiseanna dea-dheartha a sholáthar do shaoránaigh Fhine Gall, d'úsáideoirí iompar poiblí, d'úsáideoirí bóithre leochaileacha, m.sh. coisithe agus rothaithe, agus daoine a bhfuil lagú céadfach/soghluaisteachta orthu.
- SO 2** INFREASTRUCTÚR IOMPAIR SÁBHÁILTE A SHOLÁTHAR
- Soláthraíodh infreastruchtúr nua agus feabhsaithe, lena n-áirítear:
- Clár athdhromchlaithe
 - Clár athnuachana do chosáin
 - Scéim Bainisithe Tráchta
 - Bearta Moillithe Tráchta
 - Trasrianta Coisithe
 - Infreastruchtúr Rothaíochta
 - Sráideanna Scoile
 - Carr Pobail
- SO 3** PRÍOMHSHEIRBHÍS OIBRIÚCHÁIN A SHEACHADH AR AN MBEALACH IS ÉIFEACHTÁI AGUS IS ÉIFEACHTÚLA
- Seachadaíodh an Clár Oibreacha a bhí faofa ag na Comhaltaí Tofa, in am agus laistigh den bhuiséad. Bhí feabhas leanúnach maidir le cláreagrú agus sceidealú oibreacha cothabhála ar fud an Chontae. Tugadh isteach seirbhís ar líne trí Oifig Bhainistíochta Bóithre le haghaidh gach Iarratas ar Cheadúnas Oscailte Bóithre. Forbraíodh córas inmheánach chun clóis súgartha agus trealamh aclaíochta a bhainistiú ar fud an Chontae.
- SO 4** OILIÚINT A CHUR AR AN BHFOIREANN AGUS ACMHAINNÍ A THABHAIR DÓIBH CHUN DÉILEÁIL LE RIACHTANAIS NA SAORÁNACH I NGACH RÉIMSE OIBRIÚCHÁIN.
- Díríodh ar tuilleadh oiliúna a chur ar an bhfoireann i ngach disiplín chun a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha acu chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh do shaoránaigh an Chontae agus cuireadh an bhéim ar oiliúint i gcúsaí sláinte agus sábháilteachta.
- SO 5** CHOIMEÁD ÁR DTRÁNNA GLAN AGUS SAOR Ó THRUAILLIÚ
- Earcaíodh foireann ionaid bhreise chun trána a ghlanadh. Bhí comhordú ann le gníomhaireachtaí stáit eile chun cosc a chur ar thruailliú a d'fhéadfadh leathnú amach go dtí trána poiblí. Choimeád Trá Phort Mearnóg an Bratach Ghorm (Trá Veilbhite).
- SO 6** NA CEITHRE CHUAN ATÁ I BHFINE GALL A BHAINISTIÚ AGUS A CHOIMEÁD AR CHAIGHDEÁN ATÁ INGHLECTHA
- Faomhadh maoiniú ó RTBM le hadhaidh oibreacha cuain in 2019.
- Críochnaíodh Tuarascáil ar Chuanta a dhírigh ar na cuanta beaga sa Chontae a bhainistiú agus a chothabháil amach anseo.

Plean Corparáideach ATHBHREITHNIÚ DEIRIDH 2019



Pleanáil agus Infrastruchtúr Straitéiseach

Pleanáil le haghaidh forbartha an chontae meántéarmach go fadtéarmach agus ag an am céanna forbairt, forfheidhmiú agus rialú tógála a bhainistiú maidir le tionscadail atá ar bun sa chontae

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

PL 1 CRÍOCH A CHUR LEIS AN ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN FORBARTHA CHONTAE FHINE GALL, AGUS AN STRAITÉIS AGUS NA SPRIOCANNA A LEAGAN AMACH CHUN FORBAIRT INMHARTHANA A BHAINTE AMACH SA CHONTAE

I bPlean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 leagtar amach polasaithe agus spriocanna atá molta ag an gComhairle le haghaidh forbartha an Chontae agus déanann sé iarracht, ar bhealach inmharthana, acmhainní sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus cultúrtha an Chontae a fhobairt agus a fheabhsú.

Glacadh le Athrú 1. ar an bPlean Forbartha i mí na Nollag 2019. Cuimsítear leis seo Críosanna Torainn Aerfoirt leasaithe, leasú ar an bPolasaí Tithíochta Tuaithe, leasú maidir le Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do cheirtleán Bhaile Átha Cliath 2018-2023 a chur i bhfeidhm, agus Bealaí Isteach Dearga a bhaint as mapaí an Phlean Forbartha.

PL 2 CLÁR A FHOBAIRT A THACAÍONN LE ASCHUR TITHÍOCHTA MÉADAITHE CHUN FREASTAL AR ÉILEAMH MAR ATÁ LEAGTHA AMACH I TÓGÁIL 2020, STRAITÉIS LE HAGHAIDH EARNÁLA TÓGÁLA ATHNUAITE

Bhunaigh an Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine – Éire a Athtógáil – Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF) de €200m chun gníomhachtú a chumasú go luath i leith láithreáin tithíochta atá scálaithe agus lonnaithe go cuí.

Soláthraíodh cisitú LIHAF de €26.58m i leith na trí tionscadal LIHAF i bhFine Gall:

- Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat
- An Seanbhaile/ Baile na Móna
- Baile Dúill / Steach Póilín.

Tríd an tionscadal Talamh, cuireadh chun cinn an soláthar maidir le tithíocht a sheachadadh ar na tailte i mBaile Mastún. Faomhadh céim thosaigh forbairt tithíochta i nGoirt an Teampaill agus cuireadh tús leis an soláthar, agus tosaíodh ar obair dheartha riachtanach ar infreastruchtúr bóthair idir Bóthar Bhaile Dama agus Ascaill Radharc an Tobair agus an t-infreastruchtúr glas. Tosaíodh freisin ar an gcéad chéim d'fhorbairt tithíochta ag Cappaghfinn.



Pleanáil agus Infrastruchtúr Straitéiseach

Straitéisí Tacaíochta

Nuashonrú

- PL 3** COMHOIBRÍÚ LE PÁIRTITHE LEASMHARA EILE AGUS LE SOLÁTHRÓIRÍ REACTÚLA CHUN AN T-INFREASTRUCHTÚR ATÁ BUNRIACHTANACH A FHORBAIRT DON FHORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
- Bhí rannpháirtíocht leanúnach le gach páirtí leasmhara agus chinntigh sé sin gur seachadaíodh infreastruchtúr straitéiseach go tráthúil agus go héifeachtach ar fud an Chontae.
- Faomhadh an próiseas Cuid VIII chun Droichead do Choisithe agus do Rothaithe i nDomhnach Bat thar líne iarnróid Bhaile Átha Cliath – Béal Feirste. Cuireadh tús le comhairliúcháin phoiblí Cuid VIII maidir leis an síneadh ar Ascaill Thuirbhe, Domhnach Bat agus athailíniú Bhóthar Hearse, Domhnach Bat.
- Reachtáladh comhairliúchán poiblí agus tráthnóna eolais maidir le tionscadal Bealach Cósta Fhine Gall agus an Rothaíocht Bóthair Harry Reynolds agus an bealach do choisithe.
- Cuireadh tús leis an obair ar Shiúlbhealach agus ar Ghlasbhealach Bhaile Dúill go Phort Mearnóg agus bhí siad beagnach críochnaithe ag deireadh 2019.
-
- PL 4** CUR LEIS AN IARRACHT CÓRAS IOMPAIR INMHARTHANA DO GACH SAORÁNACH A BHAINT AMACH
- Soláthraíonn an Clár Caipitil 2020-2022 infheistíocht de €151.7m lena n-áirítear €58.45m d'infheistíocht in infreastruchtúr bóithre straitéiseacha agus €43.85m ar thionscadail Ghlasbhealaí.
-
- PL 5** BAINISTÍOCHT FORBARTHA AGUS SEIRBHÍS FORFHEIDHMITHE ÉIFEACTACH AGUS ÉIFEACTÚIL A SHEACHADADH DON PHOBAL
- Fuarthas 1,364 iarratas in 2019. Rinneadh fiosrúchán ar fhorbairt neamhúdaraíthe agus ghníomhaíomar ina leith. Eisíodh 325 litir rabhaidh agus 25 fógra forfheidhmiúcháin, agus tionscnaíodh imeachtaí dlí in 16 cás.
- I dtéarmaí Láithreáin Thréigthe, fiosrío dh 21 gearán, eisíodh 16 litir rabhaidh agus cuireadh dhá láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe.
- Ag deireadh 2019, bhí ocht láithreán ar an gClár Láithreán Folamh.

Plean Corparáideach



2019-2024

Tar éis do Chomhairle nua a bheith tofa ar 24 Bealtaine 2020, tosaíodh le hullmhúchán chun Plean Corparáideach na Comhairle a dhréachtú.

Feidhmíonn an Plean Corparáideach mar chleatlach straitéiseach dúinn sna cúig bliana atá romhainn. Ba ghné thábhachtach i bhforbairt an phlean an comhairliúchan a rinneadh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear:

- Comhaltaí Tofa
- Foireann na Comhairle
- Lucht gnó
- Eagraíochtaí Neamhrialtasacha
- Grúpaí pobail a bhaineann leis an Lónra Rannpháirtíochta Pobailth the Public (PPN)
- Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC).

Leagann an Plean amach tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha na Comhairle faoi na ceithre téama straitéiseach a leanas:

- **CAIGHDEÁN NA BEATHA**
- **MIANACH AGUS AN AERÁID COMHSHAOL ATÁ SEASMHACH Ó THAOBH NA HAERÁIDE**
- **TIMPEALLAUGHT GNÓ ARDCHAIGHDEÁIN**
- **ARDCHAIGHDEÁN INÁR N-OIBRE.**

Ghlac na Comhaltaí Tofa leis an bPlean Corparáideach 2019 – 2024 i mí na Nollag 2019.



Fingal County Council
Corporate Plan 2019 - 2024



OUR VISION

Fingal - a great place to live, work, visit and do business.

OUR MISSION

To be a vibrant, outward looking, well run Council that shows leadership and embraces diversity and opportunity.



Tuarascálacha ar Choistí um Bheartais Straitéiseacha & Coiste Comhpholasaí

Coiste um Bheartais Straitéiseacha



Tuarascálacha ar Chláir 2019

FORBAIRT POBAIL, OIDHREACTH, CULTÚR & CRUTHAITHEACHTA



Roimhe seo – na hEalaíona, Cultúr, Oidhreacht & Forbairt Pobail

Cathaoirleach: Paul Donnelly

Comhaltaí Comhairle: Freddie Cooper, John Walsh, Gráinne Maguire, Seána Ó Rodaigh, Jimmy Guerin

Comhaltaí Seachtracha: Hiwa Wahab, Abbi Wise, Liz Madden

Comhaltaí Comhairle Roimh Bhealtaine 2019: Anne Devitt, Joe Newman, Adrian Henchy, Mary McCamley, Gráinne McGuire & Daire Ní Laoi.

Comhaltaí Seachtracha: Lorcan Blake, Guy Thompson & Arun Rao

Dáta an Chruinnithe 2019

Téama/Polasaí/Saincheist

Nuashonrú

MÁRTA 25

Nuashonrú ar Straitéis Imeasctha agus Comtháthaithe Sóisialta CC Fhine Gall

Cur i láthair ar thorthaí a d'eascair ón bpróiseas comhairliúchán poiblí ar an Straitéis Imeasctha & Comtháthaithe Sóisialta atá molta d'Fhine Gall. Táthar ag súil críoch a chur leis an Straitéis roimh dheireadh Mheitheamh 2019.

Nuashonrú ar Straitéis Shocheacnamaíoch Bhaile Bhrigín

Tuarascálacha ar an bpróiseas comhairliúchán poiblí le fáil ar shuíomh gréasáin Bhaile Bhrigín balbriggan.ie.

Tá an Plean á fhorbairt faoi láthair agus táthar ag súil é a sheoladh ag deireadh Aibreáin/go luath i mBealtaine..

Nuashonrú ar Ionad Cathrach & Cultúrtha Shoid

Foisiódh an tairiscint do Sheirbhísí Bainistíocht Tionscadal ar 25 Márta, 2019. Bristear an tionscadal síos i dtrí pháirt

1. Ionad Cathrach - Leabharlann/Amharclann
2. Foirgneamh Moil
3. Réimse na Ríochta Poiblí

Táthar ag súil go mbronnfar an tairiscint laistigh de thrí mhí agus go dtosóidh an próiseas pleanála in R1 2020.

Cur i Láthair ó Chomhairle Na n-Óg – Plean oibre 2019

Cuireadh an mhír seo siar go dtí cruinniú eile sa todchaí. Táthar ag súil críoch a bheith curtha leis an Straitéis roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2019.

Nuashonrú ar Oifig Forbartha Spóirt

Cur i láthair ar Chláir Spóirt agus rannpháirtithe do 2018 agus na tosaíochtaí/dúshláin in 2019. Táthar ag súil go mbeidh an Straitéis críochnaithe roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2019.

Rún ó Clr Mary McCamley maidir le hIonaid Oidhreachta Áitiúla a Chruthú

Tar és é a phlé, comhaontaíodh go rachfaí ar ais go dtí an Stiúrthóir Pleanála & Infreastruchtúr Straitéiseach leis na pointí a ardaíodh.

Rún ó Lorcan Blake: Plasaí molta maidir le húsáid Ionad Pobail FCC

Cuireadh an mhír seo ar aghaidh don Ghrúpa Polasaí Corparáideach.

Rún ó Arun Rao. Síneadh ama don tréimhse maoinithe.

Glacadh leis an tuarascáil. Ullmhaítear an buiséad ioncaim ar bhonn bliantúil agus mar sin, ní féidir maoiniú a bhronnadh ar feadh níos mó ná bliain amháin.

Coiste um Bheartais Straitéiseacha



TUARASCÁLACHA AR CHLÁIR 2019



BAINISTÍOCHT AR IOMPAR & INFREASTRUCHTÚR

Roimhe seo lompár

Cathaoirleach: Cllr Ted Leddy

Comhaltaí Comhairle: Ann Graves, Adrian Henchy, Cathal Boland, Joe O'Brien, Cian O'Callaghan.

Comhaltaí Seachtracha: Raymond Ryan, Sinead Kavanagh, Doreen Keany

Comhaltaí Comhairle Roimh Bhealtaine 2019: Eoghan O'Brien, Darragh Butler, Roderic O'Gorman, Ted Leddy, Natalie Treacy, Tania Doyle.

External Members: Bob Laird, Raymond Ryan

Dáta an Chruinnithe 2019	Téama/Polasaí/Saincheist	Nuashonrú
Eanáir 28	2019 Clár Oibre	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
	Cuireadh tugtha do POF Metro BÁC	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
	Polasaí Rothaíochta	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
	Athbhreithniú straitéiseach ar iompar cóngrach d'Aerfort Bhaile Átha Cliath	Tuarascáil nótaílte
	Infreastruchtúr Rothaíochta	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil
Aibreán 1	Athbhreithniú ar Luastheorainn	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil
	Fodhlíthe 2019 Dréachtspásanna Páirceáil	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil
	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil	
	Páirceáil in Eastáit Tithíochta	Ní raibh an Clr D. Butler i láthair, ghlac an Clr E. O'Brien leis an tuarascáil.
	Rochtain ag eastáit tithíochta nua ar phríomháiseanna	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
Samhain 19	Scéim Lána Rothar Pháirc an Fhionnuisce	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
	Athbhreithniú ar Luastheorainn	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
	Athbhreithniú ar Chlár Oibre 2019	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
	Tionscnamh Sráide Scoile	Tuarascáil nótaílte
	Nuashonrú ag gach cruinniú ráithiúil ar dhul chun cinn maidir le tógáil Bealach Cósta Fhine Gall	Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.,
	Uasghrádú breise ar infreastruchtúr rothaíochta and feabhas ar an líne comaitéara Thuaidh idir Mhullach Íde agus Droichead Átha	Tuarascáil nótaílte

Coiste um Bheartais Straitéiseacha



TUARASCÁLACHA AR CHLÁIR 2019



GNÍOMHAÍOCHT AR SON NA hAERÁIDE, BITHÉAGSÚLACHT & COMHSHAOL

Roimhe seo Seirbhísí Uisce & Comhshaoil

Cathaoirleach: Cllr Roderic O'Gorman

Comhaltaí Comhairle: Joe Newman, Paul Mulville, Mary McCamley, Aoibhinn Tormey, David Healy

Comhaltaí Seachtracha: Seamus McGrath, Edward Stevenson, Sean Barry

Comhaltaí Comhairle Roimh Bhealtaine 2019: Paul Donnelly, Eugene Coppinger, Eithne Loftus, Mary McCamley, Gráinne Maguire, Paul Muville, Natalie Treacy.

Comhaltaí Seachtracha: Seamus McGrath, Angela O'Flynn Bury, Charles Sargent

Dáta an Chruinnithe 2019

Téama/Polasaí/Saincheist

Nuashonrú

AIBREÁN 30

Plean Bainistíochta Bruscair
2019-2021

Glacadh leis an bPlean.

Plean RMCEI 2019 & Athbhreithniú
2018

Mír curtha siar.

Nuashonrú ar Dhréachtphlean
Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Tuarascáil Nótáilte.

SAMHAIN 12

Bailiúchán Bruscar Teaghlaigh

Líostáil mar Mhír Cheannteidil ag an gCéad
Chruinniú

Plean Gníomhaíochta Aeráide

Tuarascáil nó táilte.

Straitéis Crainn

Tuarascáil nó táilte.

Plean Gníomhaíochat Bithéagsúlachta

Tuarascáil nó táilte.

Ionad Sonraí- Fuinneamh Inmharthana

Mír curtha siar.

Úsáid fiailnimhe ag Comhairle
Contae Fhine Gall

Tuarascáil nó táilte.

Phlean Gníomhaíocht ar son
na hAeráide "gníomhaíochtaí ag
feitheamh ar bhuiséad"

Tuarascáil nó táilte mar chuid de chainteanna an
Phlean Gníomhaíochta ar an na hAeráide.

Coiste um Bheartais Straitéiseacha



TUARASCÁLACHA AR CHLÁIR 2019



TITHÍOCHT

Cathaoirleach: Cllr Duncan Smith

Comhaltaí Comhairle: John Burtchaell, Kieran Dennison, Brigid Manton, Robert O'Donoghue, Eoghan O'Brien, Natalie Treacy, Daniel Whooley.

Comhaltaí Seachtracha: Michela Benassi, Finbarr Geaney, Norman Higgins, Dayakar Reddy Komirelly

Comhaltaí Comhairle Roimh Bhealtaine 2019: Duncan Smith, Kieran Dennison, Adrian Henchy, Sandra Kavanagh, Barry Martin, Lorna Nolan, Robert O'Donoghue, Malachy Quinn, Justin Sinnott, Matt Waine.

Comhaltaí Seachtracha: Marian Buckley, Finbar Geaney, Freda Hughes, Ashraf Logman, Alan Redmond

Dáta an Chruinnithe 2019

Téama/Polasaí/Saincheist

Nuashonrú

FEABHRA 25

Athtógáil Éire – Nuashonrú maidir le seachadadh

Tuarascáil curtha i láthair ar spriocanna 2018 agus seachadadh.

Aonad Tithe Folmha

Cur i láthair ar an Aonad Tithe Folmha.

Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean DRHE 2019- 2021

Pléadh an Plean Gníomhaíochta. Tuairim le cur in iúl trí SPC laistigh de dhá sheachtain.

MTR 'Teach don Saol' Múnla Léasa Feabhsaithe

Scéim Morgáiste go Cíos curtha i láthair ag Claire Feeney, SEO, Gníomhaireacht Tithíochta.

SAMHAIN 25

ReBuilding Ireland - Nuashonrú maidir le seachadadh

Tuarascáil curtha i láthair ar sheachadadh tithíochta faoin bPlean Gníomhaíochta Athtógáil Éire.

Achoimre ar Sheirbhísí Tithíochta

Cur i láthair déanta ar sheirbhísí atá seachadta ag an Rannóg Tithíochta.

Coiste um Bheartais Straitéiseacha



TUARASCÁLACHA AR CHLÁIR 2019



Pleanáil, Iompar Straitéiseach & Infreastruchtúr

Roimhe seo Pleanáil & Infreastruchtúr Straitéiseach

Cathaoirleach: Cllr Brian Dennehy

Comhaltaí Comhairle: Tania Doyle, Dean Mulligan, Punam Rane, Tom Kitt, Brian McDonagh.

Comhaltaí Seachtracha: Greg Farrell and Kieran O' Neill

Comhaltaí Comhairle Roimh Bhealtaine 2019: Cian O'Callaghan, Cathal Boland, Jimmy Guerin, Brian Dennehy, Brian McDonagh, David Healy, Ann Graves, Tom O'Leary

Comhaltaí Seachtracha: Greg Farrell and Kieran O' Neill

Dáta an Chruinnithe 2019

Téama/Polasaí/Saincheist

Nuashonrú

Eanáir 28

Staidéar Iompair Fhine Gall Theas	Cur i láthair ar Staidéar Iompair Fhine Gall Theas. Nótáladh an Tuarascáil.
Dréachtchlár Oibre 2019	Cuireadh Dréachtchlár Oibre i lathair ag an gcruinniú in Eanáir agus comhaontaíodh an Clár do 2019.
Mapáil de Cheartanna Slí	Cuireadh Dréachtchlár Oibre i lathair ag an gcruinniú in Eanáir agus comhaontaíodh an Clár do 2019.
Athhreithniú ar Scéim Rannchuidithe Forbartha	Tuairisc tugtha ar an rún seo. Nótáladh an tuarascáil.
Máistirphlean Foraoisithe	Tuairisc tugtha ar an rún seo agus tar éis é a phlé nótáladh an tuarascáil.

Aibreán 29

Plean Forbartha Fhine Gall Tuarascáil ar dhul chun cinn 2 Bhliain	Cur i láthair agus tuairisc ar dhul chun cinn tugtha ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2 bhliain ag an gcruinniú in Aibreán. Nótáladh an tuarascáil.
MetroLink	Tuairisc tugtha ar an Metro Link agus ar an mbealach ailínithe a roghnófar. Tar éis é a phlé nótáladh an tuarascáil.
Bealaí Glasa Fhine Gall	Cur i láthair déanta ar na scéimeann éagsúla agus tuarascáil maidir le staid na mBealaí Glasa déanta. Nótáladh an tuarascáil.
Fodhlí Madra	Tugadh tuairisc ar an rún seo. Nótáladh an tuarascáil.

Samhain 20

Creimeadh Cósta	Cur i láthair agus nuashonrú tugtha ar Chreimeadh Cósta Fhine Gall. Tar éis é a phlé, nótáladh an tuarascáil.
Mórstaidéir/LAPs	Tugadh tuairisc ag an gcruinniú i mí na Samhna maidir le staid reatha LAP agus staidéir. Nótáladh an tuarascáil.
Bealaí Glasa Fhine Gall	Tugadh tuairisc staidé nuashonraithe ag an gcruinniú i mí na Samhna maidir leis na scéimeanna éagsúla agus rinneadh iad a phlé. Nótáladh an tuarascáil.
Bus Connects	Tugadh tuairisc ar an Rún seo agus tar éis é phlé nótáladh an tuarascáil agus aontaíodh an Rún.

Coiste um Bheartais Straitéiseacha

Tuarascálacha ar Chláir 2019



FIONTAR EACNAMAÍOCH & FORBAIRT TURASÓIREACHTA

Roimhe seo Forbairt Eacnamaíoch & Fiontar

Cathaoirleach: Cllr Tony Murphy

Comhaltaí Comhairle: Darragh Butler, Tom O'Leary, Emer Currie, Breda Hanaphy, Howard Mahony, Anthony Lavin, Ian Carey.

Comhaltaí Seachtracha: Anthony Cooney, Eric Fleming, David Normoyle, Kesava Gollapalli.

Comhaltaí Comhairle Roimh Bhealtaine 2019: Kieran Dennison, Keith Redmond, Anthony Lavin, Tony Murphy, Lorna Nolan, Edmond Lukusa, Jimmy Guerin, Mags Murray, David McGuinness, Howard Mahony.

Comhaltaí Seachtracha: Eric Fleming, Siobhán Kinsella, Emmanuel Okezie Emuaga, James Scully, Odran Reid, Kesava Gollapalli.

Dáta an Chruinnithe 2019

Téama/Polasaí/Saincheist

Nuashonrú

FEABHRA 26

Nuashonrú ar gach clár atá ar siúl

Nuashonraú ar Pholasaí a chur i bhfeidhm a chuimsíonn an Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2016-2021, LEADER Tuaithe BÁC 2016 -2020, Imeascadh Sóisialta & Gníomhachtú Pobail 2018-2022, Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015-2018, Oifig Fiontair Áitiúil & Ionaid Fiontair.

Seachtain Fiontair Áitiúil

Thug Ceannasaí Fiontair Áitiúil cur i láthair ar Sheachtain Fiontair Áitiúil 2019 a ritheadh ó 4 go dtí 8 Márta.

Straitéis Shocheacnamaíoch Bhaile Bhrigín

Cur i láthair ar thorthaí an tsuirbhé ar Straitéis Shocheacnamaíoch Bhaile Bhrigín.

SAMHAIN 13

Achoimre ar an Rannóg Forbartha Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta

Chuir baill foirne den Rannóg Forbartha Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta achoimre i láthair

Staidéar indéantachta maidir le Túr Martello na Sceirí

Cur i láthair ar staidéar indéantachta maidir le Túr Martello na Sceirí ag cur síos ar thrí rogha forbartha. Roghnaíodh rogha a dó.

Muilleann Shackleton mar ionad oidhreachta agus turasóireachta.

Mhol an Comhairleoir Howard Mahony rún maidir le Muileann Shackleton a fhorbairt mar ionad oidhreachta agus turasóireachta. Aontaíodh go gcuirfí plean caomhnaithe in áit.

Coiste Comhphóilíneachta Ballraíocht agus Gníomhaíochtaí



Bunaíodh Coiste Comhphóilíneachta Fhine Gall faoi Acht an Gharda Síochána 2005 agus tá sé mar aidhm aige bheith ina fhóram le haghaidh comhairliúcháin, plé agus moltaí ar chúrsaí a bhfuil tionchar acu ar phóilíneacht i gceantair riaracháin na Comhairle, agus go háirithe chun go ndéanfar athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

- Leibhéal agus patrúin choireachta, ainrialtachta agus iompar frithshóisialta sa réimse sin (lena n-áirítear patrúin agus leibhéal mhúsáid alcóil agus drugaí).
- Na cúinsí taobh thiar de leibhéal choireachta, ainrialtachta agus iompar firthshóisialta agus na cúinsí a chuireann leo.

Déantar é seo a bhainistiú trí Chlár Oibre Bliantúil an Choiste Comhphóilíneachta a leagann amach ceithre réimse straitéiseach le haghaidh comhoibrithe idir an Chomhairle agus An Garda Síochána, arb iad:

- Rannphairtíocht an phobail & Feasacht
- Trácht & Sábháilteacht ar Bhóithre
- Laghdú ar Choireanna & Anailís
- Daoine & Déimeagrafaic

In 2019, bhail an Coiste Comhphóilíneachta ar 8 Márta, 27 Meán Fómhair agus 13 Nollaig. Bhí cruinniú sceidealta don 31 Bealtaine ach cuireadh ar ceal é de bharr na dToghchán Áitiúil.

Reáchtáladh sraith ceithre cruinniú poiblí i Márta ar na dátaí seo

- Márta 13 - Lusca
- Márta 14 - BÁC 15
- Márta 20 - Cill Fhionntain
- Márta 21 - Mullach Íde

BALLRAÍOCHT

COMHALTAÍ ÚDARÁS ÁITIÚIL

Roimhna Toghcháin Áitiúla i mBealtaine, is marseo abhí an bhallraíocht: Clr. Kieran Dennison (Cathaoirleach) and Clr. Gráinne Maguire (Leasathaoirleach), Clr. Tom O'Leary, Clr. Malachy Quinn, Clr. Adrian Henchy, Clr. Paul Mulville, Clr. Anthony Lavin, Clr. Jimmy Guerin, Clr. Howard Mahony, Clr. Mags Murray, Clr. Eithne Loftus, Clr. Roderic O'Gorman, Clr. Natalie Treacy, Clr. Tania Doyle, Clr. Duncan Smith.

Ag an gcéad chruinniú ar 10 Meitheamh 2019, cheap an Chomhairle Contae nua na comhaltaí a leanas ar an gCoiste Comhphóilíneachta:

Clr. Roderic O'Gorman (Cathaoirleach), Clr. Gráinne Maguire, Clr. Freddie Cooper, Clr. John Walsh, Clr. Adrian Henchy, Clr. Daniel Whooley, Clr. Anthony Lavin, Clr. Tony Murphy, Clr. Robert O'Donoghue, Clr. Emer Currie, Clr. Ian Carey, Clr. Ann Graves, Clr. Tania Doyle, Clr. Duncan Smith, Clr. Dean Mulligan.

BAILL AN OIREACHTAIS

Alan Farrell TD, Brendan Ryan TD, Louise O'Reilly TD, Seanadóir James Reilly, Seanadóir Lorraine Clifford-Lee.

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach agus Liam Burke, SEO Rannóg Tithíochta

IONADAITHE PPN (POBAL)

Roimh Bhealtaine 2019: Jossy Akwuobi, Rev. Kenneth Lindsay, Eamonn Price, Myles Caulfield, Ray Smyth, Peadar O'Kelly agus Maria Tormey.

Ó Mheitheamh: Jossy Akwuobi, Myles Caulfield, Ray Smyth, Aisling Kelly, Pat Doyle, Tom O'Brien.

AN GARDA SÍOCHÁNA

Ard-Cheannfort Curran (DMR-N) agus Ard-Cheannfort Finbar Murphy (DMR-W).

Staid Airgeadais

RÁITEAS CUNTAIS IONCAIM

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019



* Figiúirí ceart tráth a foilsíodh iad

CAITEACHAS

	DRÉACHT 2019 €	2018 €
Tithíocht & Foirgnimh	52,385,570	45,536,191
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	27,662,676	24,542,199
Uisce & Séarachas	14,967,965	16,706,084
Dreasachtaí Forbartha & Rialaithe	19,112,314	18,293,027
Cosaint Chomhshaoil	39,528,196	38,380,726
Áineas & Taitneamhachtaí Baile	39,350,799	37,083,726
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht	795,563	768,773
Nithe eagsúla	9,313,281	7,948,026
Ollchaiteachas Iomlán	203,137,364	189,258,752

IONCAM

Tithíocht & Foirgnimh	57,817,752	52,786,497
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	8,765,770	8,249,502
Uisce & Séarachas	17,146,987	17,276,760
Dreasachtaí Forbartha & Rialaithe	5,237,676	5,033,180
Cosaint Chomhshaoil	6,438,149	4,702,612
Áineas & Taitneamhachtaí Baile	3,319,275	3,508,482
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht	263,714	269,585
Nithe eagsúla	12,672,382	12,363,026
Ioncam Iomlán	111,661,705	104,189,644
Caiteachas Glan	91,475,659	85,069,108

A mhaoinítear trí

Rátaí Contae	128,1277,804	120,305,779
Cáin Mhaoine Áitiúil	7,524,670	7,521,354
Asbhaint a bhaineann le pinsean	0	0
IOMLÁN	135,702,474	127,827,133

Barrachas (Easnamh) don Bhliain roimh Aistrúithe	44,226,815	42,728,025
Aistrúithe ó (go dtí) Cúlchistí	(44,225,894)	(42,756,069)
	921	1,956
Iarmhéid Nua @ 1 Eanáir	15,978,443	15,976,487
Iarmhéid Deiridh @ 31 Nollaig	15,979,364	15,978,443

Staid Airgeadais

RÁITEAS CUNTAIS CHAIPITIL



	DRÉACHT 2019	2018
	€	€
CAITEACHA (IAR-AISTRUITHE INMHEÁNACHA)*		
Tithíocht & Foirgnimh	149,166,953	129,403,479
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	26,337,998	18,471,340
Uisce & Séarachas	1,158,002	971,361
Dreasachtaí Forbartha & Rialaithe	23,797,647	33,549,795
Cosaint Chomhshaoil	2,289,247	6,608,941
Áineas & Taitneamhachtaí Baile	10,057,058	6,105,831
Nithe eagsúla	13,046,756	1,163,064
	225,853.661	196.273.811
INCOME (IAR-AISTRUITHE INMHEÁNACHA)*		
Tithíocht & Foirgnimh	149,966,669	123,320,728
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	14,485,902	9,570,374
Uisce & Séarachas	4,352,193	927,897
Dreasachtaí Forbartha & Rialaithe	56,608,766	66,961,264
Cosaint Chomhshaoil	2,939,851	4,720,171
Áineas & Taitneamhachtaí Baile	4,515,736	1,537,045
Nithe eagsúla	13,619,571	9,351,844
	243,518,688	216,389,323
Barrachas (Easnamh) do bhliain	17,665,027	20,115,512
Iarmhéid (Dochar)/Socahr @ 1 Eanáir	178,080,783	157,965,271
Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ 31 Nollaig	195,745,810	178,080,783

Ní áirítear aistruithe inmheánacha, áirítear aistruithe ó agus go dtí cuntas loncaim



Tuarascálacha ar Seirbhísí a Sheachadadh

Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Seandálaithe



Sprioc

CUIDIÚ LE SAINCHEISTEANNA FAOI LEITH A BHAINNEANN LEIS AN TIMPEALLACHT THÓGTHA, LENA N-ÁIRÍTEAR OIFIG CHAOMHNATHE FOIRGNEAMH AGUS TACAÍOCHTAÍ DEONTAIS A RÍAR AGUS A MHEAS.

SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ SAINCHOMHAIRLIÚCHÁIN GAIRMIÚLA, AGUS OIBREACHA TÓGÁLA

DUL I MBUN CAIDRIMH LE RANNA RIALTAIS ÁBHARHA MAIDIR LE BUISÉID A FHAOMHADH, SCÉIMEANNA DEONTAIS AGUS POLASÁI NA TIMPEALLACHT TÓGTHA A RÍAR MAR A BHAINNEANN SÉ LEIS AN gCOMHAIRLE

CINNTIÚ GO GCOMHLÍONANN TIONSCADAIL FOIRGNEAMH ATÁ COIMISIÚNAITHE AG AN gCOMHAIRLE, GO GCOMHLÍONANN SIAD NA RIACHTANAS REACTÚLA MAIDIR LE PLEANÁIL, SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT, RIALÚ FOIRGNEAMH AGUS COSAINT NA HOIDHREACHTA.

SEIRBHÍSÍ COTHABHÁLA PLEANÁILTE AGUS CIOGLACH A BHAINISTIÚ AGUS A CHUR I BHFEIDHM DO STOC TITHÍOCHTA FHINE GALL ATÁ ANN CHEANA FÉIN, AGUS CHUN ATHLÉASÚ A BHAINISTIÚ GO HÉIFEACHTÚIL.

BUISÉID TÓGÁLA A BHAINISTIÚ AGUS ÉILIMH CONRAITHEORA A PHRÓISEÁIL CHUN GO MBEIDH ÍOCAÍOCHT CHÓIR AGUS ÉIFEACHTACH ANN.

SEIRBHÍS SEANDÁLAÍOCHTA GHAIMIÚIL, ARDCHAIGHDEÁIN A SHOLÁTHAR CHUN FREASTAL AR RIACHTANAS RANNÓGA NA GCLIANT.

Measúnacht

Cláir dheontais curtha i gcríoch agus spriocanna bainte amach chun oidhreacht thógtha an Chontae a chosaint.

Bainte amach i leith tionscadal críochnaithe agus obair ag dul ar aghaidh maidir le nósanna imeachta a thaifeadadh agus a bheith oscailte le haghaidh imscrúdaithe neamhspleách.

Leanadh ar aghaidh le leas Fhine Gall a chosaint trí scéimeanna deontais a fheidhmiú go héifeachtúil agus trí cur le cúrsaí polasaí agus iad a léirmhíniú.

Uasdátaíodh cleachtaí i leith nósanna imeachta de réir reachtaíochta atá ag athrú agus tionscadail a thaifeadadh go cruinn. Cuirtear na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ar gach tionscadal chun a chinntiú go gcloítear le caighdeáin.

Baineadh Eochairtháscaire Feidhmíochta (KPI) amach i leith:

- Cláir phéinteála, cothabhála siúinéireachta & cothabháil phleanáilte eile
- Seirbhísí cothabhála
- Fearas meicniúil agus leictreonach, agus cothabháil

Cinnta a dhéanamh de go bhfuil gach tionscadal cruinn ó thaobh:

- Buiséadú gairmiúil a dhéanamh ar thionscadail
- Praghasanna tairisceana agus éilimh a thaifeadadh
- Íocaíochtaí a thaifeadadh agus a phróiseáil laistigh d'amlínite leagtha síos

Próiseas leanúnach ar siúl. Roinnt tionscadal críochnaithe, lena n-áirítear Clár Oibre Bliantúil comhaontaithe.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Pobal, Cultúr & Spórt



Sprioc

Measúnacht

PLEAN FORBARTHA NA N'EALAÍON FHINE GALL 2018-2025 A SHEACHADADH

CLÁR CHEOLTÓIR CÓNATHE 2019 – 2021

Ghlac 25 bunscóil páirt sa tionscadal nuafhorbartha seo ina dtugann ceoltóirí gairmiúla cuairt ar scoileanna chun oideachas ceoil do leanaí i bhFine Gall a shaibhriú.

CLÁR EALAÍNE GAIRMIÚIL

58 dámhachtain faoin 'Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí 2019' arb ionann €100,000. I measc clár eile tá Dámhachtain Céime MART, Dámhachtain Stiúideo Grafach agus Cónaitheachtaí i dteach bád Loch Sionnaigh.

CLÁR EALAÍNE POIBLÍ

Cuireadh tús le sé tionscadal coimisiúnaithe lena n-áirítear taispeántas réaltacht fhíoriúil i Sord le Silicon Synapse i Leabharlann Carnegie. Chuir Hide Sculpture isteach ar Dhámhachtainí Mórtas Ceantair agus chuir Irish Aphasia Theatre isteach ar Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil.

SEOLADH PLEAN EALAÍNE CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL 2019 – 2025

In éineacht le Méara Fine Gall, an Clr Eoghan O'Brien, bhí AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach, Margaret Geraghty, Stiúrthóir Seirbhísí, Rory O'Byrne, Oifigeach Ealaíne Contae agus aoichainteoir speisialta Art O'Leary, Ard-Rúnaí d'Uachtarán na hÉireann i gCaisleán Shoird chun an Plean a sheoladh.

COMHAONTÚ CREATA OCHT MBLIANA ATÁ ANN LEIS AN GCOMHAIRLE EALAÍON A SHEACHADADH.

FÍORSRÚCHÁN PRÁINNEACH - SAC - LIMISTÉAR FAOI CHAOMHNÚ SPEISIALTA AR THRÁ PHORT REACHRANN

Ba chomhoibriú é seo a maoiníodh trí Dhámhachtain 'Cuireadh chun Comhoibriú' de chuid na Comhairle Ealaíon. Rinne Comhairlí Fine Gall, Loch Garman agus Bhaile Átha Cliath iniúchadh ar an mbithéagsúlacht áitiúil ar an gcósta thoir a roinntear idir na contaetha. Chuir an obair ealaíne an bhéim ar na créatúirí atá 'sa bhaile' ar chósta Fine Gall agus cé chomh leochaileach agus tábhachtach is atá siad.

AG BREATHNÚ THART & AG SMAOINEAMH – CUR I LÁTHAIR AR AN EALAÍN SNA LUATHBHLIANTA

Sa chomhpháirtíocht tá Fine Gall, Cathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire – Ráth an Dúin tar éis dámhachtain a fháil ó Scéim de chuid na Comhairle Ealaíon 'Cuireadh chun Comhoibriú', dírithe ar obair ealaíne nua do leanaí a choimisiúnú agus a thabhairt ar camchuairt in ionaid neamhthraidisiúnta ealaíne.

CUR I BHFEIDHM AN CHLÁIR ÉIRE ILDÁNACH I BHFINE GALL A CHOMHORDÚ

Lean Foireann Cultúir Fine Gall uirthi le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chultúrtha agus chruthaitheachta ar fud an chontae, ar aon dul le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Fine Gall (2018- 2022). Cuimsíonn na tionscnaimh ildisciplíneach na hamharcealaíona, scannánaíocht, ceol, damhsa, STEAM agus stair in éineacht le tionscadail comhoibrithe idirghlúine sa scéalaíocht agus sa drámaíocht. Tá an-rath ar an gclár imeachtaí do Chruinniú na nÓg do dhaoine óga agus áiríodh ann gníomhaíochtaí cruthaitheacha i ndisciplíní éagsúla – na hEalaíona, STEAM, léiriú scannán agus ceol, i 13 suíomh agus d'fhreastail os cionn 2,800 duine óg ar na himeachta seo.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Pobal, Cultúr & Spórt



Sprioc

TACAÍOCHT BAINISTÍOCHTA AGUS FORBARTHA A SHOLÁTHAR DO CHOISTÍ DEONACHA

LEANÚINT LE HÁISEANNA POBAIL ATÁ NÍOS SINE A BHAINISTIÚ AGUS A CHOOTHABHÁIL

TACAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS LE HAGHAIDH CLÁR POBAIL & DEONACH AGUS LE HAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ

LÍONRA RANPHAIRTÍOCHTA POIBLÍ FHINE GALL AND LÍONRAÍ EILE

POLASAÍ DE CHUID CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL MAIDIR LE IMEASCADH AGUS COMHATHÚ SÓISIALTA

COMHAIRLE NA N-ÓG FHINE GALL

Measúnacht

Tacaíocht leanúnach do 32 Ionad Pobail. Monatóireacht agus maoirseacht déanta ar áiseanna. Chuir sruthanna maoinithe agus KPI ar chumas na Comhairle áiseanna a rith agus a bhainistiú ar ardchaighdeán. Cinntíodh freisin go bhfuil na háiseanna ag obair i dtreo inmhharthanachta agus go bhfuil teacht ag an bpobal go léir orthu.

Sheol Líonra Áiseanna Pobail Fhine Gall leabhrán eolais darb ainm Pobail a Thabhairt le Chéile.

Lean Oifig Forbartha an Phobail uirthi ag obair tríd na suirbhéanna maidir le háiseanna atá níos sine le cuidiú ón Rannóg Seandálaíochta. D'eisigh an Chomhairle Ceadúnais Bhainistíochta do 13 ionad pobail. Déanfaidh Coistí Bainistíochta na háiseanna a bhainistiú agus a fheidhmiú thar ceann na Comhairle.

SCÉIM MAOINITHE DO GHRÚPAÍ POBAIL

Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh Tionscadal Samhraidh, Maoiniú Gníomhaíochta agus Scéimeanna Maoinithe Speisialta.

MÓRTAS CEANTAIR

Bhí dhá buaiteoirí ag Fine Gall i gcomórtas IPB Mórtas Ceantair a aithníonn tionscadail phobail in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas. Bhuaigh Baile an Phléimeannaigh, Baile Bhrigín an chatagóir Comharsanacht Uirbeach is Fearr. Bhí na breithimh an-tógtha leis an méid tacaíochta a thug na grúpaí pobail difriúla dá chéile. Bhí eastát Bhaile an Fhaoitigh i mBÁC 15 sa dara háit sa chatagóir Eastát Tithíochta. Bhí na breithimh tógtha leis an ngáirdín cuimhneacháin in áit ina mbíodh fadhb den iompar frithshóisialta ann.

Shínigh Comhairle Contae Fhine Gall agus PPN Fhine Gall Meabhrán Tuisceana a leag síos na ról agus na freagrachtaí den dá eintitis maidir lena dtiomantas an clár PPN a sheachadadh i bhFine Gall. Bhí méadú de 131 i líon na ngrúpaí cláraithe ar an PPN go dtí 846 anois i Nollaig 2019. Ceapadh oibrí tacaíochta acmhainne chun tionscnaimh laistigh den Phlean Folláine a dhéanamh.

Seoladh an Straitéis um Imeascadh Imircigh & Comhathú Sóisialta 2019-2024 i mí na Samhna agus leagtar amach ann conas a oibreoidh an Chomhairle chun freastal ar na riachtanais atá ag pobail éagsúla i bhFine Gall.

Reáchtáladh an Cruinniú Cinn Bliana i mí na Samhna 2019 agus d'fhreastail 130 duine óg ó chumann bhunscoile, mheánscoile agus óige air ó gach cearn d'Fine Gall. Ba í an téama a bhí ann ná an tsláinte agus inmhharthanacht na timpeallachta. D'oscail Méara Eoghan O'Brien an cruinniú agus labhair sé go han-spreagúil. Chuir an Chomhairle reatha cuireadh ar Jack Kavanagh a d'inis scéal spreagúil faoina shaol agus ag deireadh an lae toghadh coiste nua do 2019/2020.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Pobal, Cultúr & Spórt



Sprioc

Measúnacht

IONAD CATHRACH & CULTÚRTHA SHOIRD

Ghlac an Oifig Ealaíne páirt i gcruinnithe go rialta in 2019 maidir le forbairt Ionad Cathrach & Cultúrtha Shoird.

LEANÚINT LE TACAÍOCHT A THABHAIRT DON OBAIR A DHÉANANN COMHAONTAS AOISBHÁ

I mBealtaine ghlac os cionn 120 Seanóirí páirt i Seimineár Eolais ar 'Ghiar a Athrú'. Labhair eochairchainteoir Christy Keneally faoi ullmhúchán sóisialta, uacht a dhéanamh, tithíocht agus an teach ceart, Fair Deal, caitheamh aimsire, sláinte & folláine.

ACORN AOISBHÁUIL

Bhuaigh Taibleid Aoisbháuil ACORN an chatagóir Cumarsáid Aoisbháuil ag Dámhachtainil Cumarsáide Aoisbháuil náisiúnta. Ba chomhoibriú é seo idir Comhairlí Contae Fhine Gall, na Mí agus Luimnigh.

STADÉIR INSIÚLTACHTA

D'éagraigh Aoisbháuil Fhine Gall agus Rannóg na nOibríochtaí staidéir insiúltachta i mBaile Bhlainséir, i mBaile Brigín agus i mBinn Éadair. Bhí mórán daoine deonach i láthair le tacaíocht ó Chomhairleoirí áitiúla agus tarraingíodh aire ar roinnt saincheisteanna.

CLÁIR SPÓIRT A SHEACHADADH

CÚRSA FORBARTHA PEILE NA HÍDIRBLIANA

I gcomhpháirtíocht le FAI, chuir an Oifig Spóirt an cúrsa seo i bhfeidhm le 25 dalta.

ACLÚ SPÓIRT

Forbraíodh an clár seo do leanaí de gach aois agus cineálacha cumais, agus cuireadh an bhéim ar mhúinteoirí a oiliúint in 2019. Áiríodh sna cláir Aclaíocht Bunscoile, MarathonKids, Sacar, Rugbaí, Cruicéad agus Leadóg do Sheanáirí, Mná sa Spórt agus Spóirt Chuimsitheach.

TAIRSEACH FOGHLAMA FHINE GALL SLÁINTIÚIL

Seoladh i mí na Samhna é agus áirítear ann fiseáin, ranganna teagaisc agus fóraim a chuidíonn le hoideachas a chur ar leanaí scoile ar réimse topaicí, gníomhaíochtaí agus scileanna chun cur le stíl mhaireachtála sláintiúil agus ghníomhach.

Osclaíodh dhá mhol spóirt i mBaile Bhrigín agus i mBaile an Tirialaigh/ Mhullach Eadrad. Ceapadh Oifigeach Forbartha Spórt Pobail agus Oifigeach Ionchuimsithe Sóisialta freisin.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Gnóthaí Corparáideacha & Rialachais



Spríoc

CINNTE A DHÉANAMH DE GO MBEIDH CUMARSÁID ÉIFEACTACH INMHEÁNACH AGUS SEACHTRACH ANN, AGUS GO GCUIRFÍ CHUN CINN GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA COMHAIRLE

USÁID AN GHAELGE A CHUR CHUN CINN TRÍD AN SCÉIM TEANGA A CHUR I BHFEIDHM

DEA-SHEIRBHÍS A SHOLÁTHAR DO CHUSTAIMÉIRÍ AR FUD NA HEAGRAÍOCHTA

PRÓISIS DAONLATHACHA A SHEACHADH GO HÉIFEACTACH AGUS AR BHEALACH TRÉDHEARCACH LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

BAINISTÍOCHT LE HAGHAIDH MÓRÉIGEANDÁLA SA CHONTAE A PHLEANÁIL

DEA-CHLEACTAS AGUS LUACH AR AIRGEAD A BHAINT AMACH I GCÚRSAÍ SOLÁTHAIR

Measúnacht

Chuaigh an tAonad Cumarsáide i gcomhar leis an Rannóg TF chun suíomh gréasáin nua fíngal.ie a fhorbairt. D'eisigh sé 271 preasráiteas, ráiteas eile nó cuireadh do na meáin, agus chuir sé cabhair ar fáil do rannóga le feachtais, le comhairliúcháin agus le fiosrúcháin a tháinig ó na meáin. Cuireadh Instagram le punann cainéil mean sóisialta a úsáideann an Chomhairle, agus tá méadú 24% i líon na leantóirí ar an gcuntas Facebook. I suirbhé a rinne RED C in 2019 maidir le Sástacht i meacs Cónaitheoirí, léiríodh go raibh ardú sa líon daoine a bhí ar an eolas maidir leis an gComhairle ó 33% go dtí 42% ó 2017. Measann 49% de chónaitheoirí go bhfuil siad ar an eolas maidir leis an gComhairle i gcomparáid le 43% roimhe sin. Mar chuid den chumarsáid inmheánach, foilsítear iris foirne go ráithiúil agus eisítear bunrán ríomhphoist laethúil.

Leanadh leis an Tríú Scéim Teanga a chur i bhfeidhm mar aon le comhlíontacht i leith na reachtaíochta a bhaineann leis an nGaeilge. Tá leagan Gaeilge ag an suíomh gréasáin nua fíngal.ie. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne roghnaithe trí chúrsaí sa Ghaeltacht. Cuireadh foirmeacha agus foilseacháin ar fáil i nGaeilge, iris Nuacht Fhine Gall san áireamh. Cuireadh an teanga chun cinn laistigh den Chomhairle agus den Chontae, agus bhí imeachtaí i leabharlanna agus i Halla an Chontae agus forbraíodh clár do Sheachtain na Gaeilge. Cuireadh an teanga chun cinn ag imeachtaí eile freisin, lena n-áirítear Fleadh Fhine Gall, Seachtain na hOidhreacha agus an Seó Blas Chontae Fhine Gall.

In 2019, rinneadh tuilleadh forbartha ar an Aonad Cúraim Chustaiméirí agus leathnaíodh amach é i ngach oifig sa Chomhairle. Cuireadh leis an bhfoireann de ghníomhairí oilte atá ann chun a chinntiú go ndéanfar fiosrúcháin – ar an bhfón, ríomhpost, go pearsanta sr. – a réiteach ag an gcéad phointe teagmhála don chustaiméir.

I ndiaidh tuarascáil a d'eisigh Coimisiún na Teorann in 2018, tháinig méadú ar líon na dToghcheantar Áitiúil ó cúig go dtí seacht agus tháinig sé i bhfeidhm do na Toghcháin Áitiúla i mBealtaine 2019. Toghadh Comhaltaí ar Choistí agus Cumainn mar ionadaithe na Comhairle.

Faomhadh Scéim Polasaí Straitéiseach nua freisin agus ceapadh na baill ar na sé Choiste mar chuid den ról atá acu i bhforbairt polasaí. Leanadh le cruinnithe a sheirbhísí agus a chraoladh ar an ngréasán chun trédhearcacht na feidhme daonlathaí a chinntiú.

Cuireadh oiliúint ar fáil le linn 2019 d'Fhoireann Bainistíochta na Comhairle chun ullmhacht na Comhairle agus na Rannóga a chinntiú sa chás go dtarlaíonn Mórigeandáil. Áiríodh leis seo athbheithniú a dhéanamh ar Phlean Mórigeandála na Comhairle agus ar Phleananna Leanúnachais Gnó ionas go bhféadfaí seirbhísí a sholáthar dár saoránaigh dá mbeadh mórigeandáil ann.

Rinne an tAonad Soláthair Lárnach (CPU) próisis sholáthair a bhainistiú mar atá siad leagtha síos sa Phlean Soláthair Bliantúil. Ina theannta sin, rinneadh anailísíú ar chaiteachas agus aithníodh deiseanna soláthair straitéiseacha in 2019. D'eagraibh CPU cúrsaí oiliúna agus chuir sé treoir ar fáil do Rannóga seirbhíse de réir mar a bhí gá leis.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Gnóthaí Corparáideacha & Rialachais



Sprioc

CINNTE A DHÉANAMH DE GO GCOSNAÍTEAR SONRAÍ ATÁ I SEILBH NA COMHAIRLE AGUS GO BHFUIL ROCHTAIN ORTHU

DEA-CHLEAGHTAS SA RIALACHAS CORPARÁIDEACH A CHUR CHUN CINN

DEA-RIALACHAS A CHUR CHUN CINN TRÍ FHEIDHMEANNA INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNACHA ATÁ ÉIFEACHTACH

CLOÍ LE CAIRT AN tSAORÁNAIGH AGUS DEASHEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Measúnacht

Déanann Oifig Bainistíochta Sonraí monatóireacht ar ardú feasachta agus caidreamh le gach rannóg, go háirithe an Rannóg TF, trí oiliúint foirne leanúnach, agus feabhsaíonn sé slándáil agus rochtain ar shonraí na Comhairle.

Rinneadh monatóireacht agus tuairisciú ar sholáthar le linn 2019.

Bhí dea-chaidreamh leis an mBainistíocht Feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann maidir le plan oibre Iniúchóireachta Inmheánaí a bhaint amach, mar aon le gníomhaíochtaí rialachais / córais bainistíochta riosca. Leanadh le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar chruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus lean an dea-chaidreamh leis an gCoiste Iniúchóireachta.

De réir Cairte an tSaoránaigh de chuid na Comhairle, próiseáladh gach gearán a fuarthas agus tugadh freagra ina leith ar bhealach tráthúil in 2019.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Forbairt Eacnamaíocht, Fiontair & Turasóireachta



Sprioc

NA SPRIOCANNA A BHAINT AMACH ATÁ LEAGHTA SÍOS I BPLEAN ÁITIÚIL EACNAMÁIOCHTA AGUS POBAIL (LECP) AR BHEALACH A LÉIRÍONN AGUS A THACAÍONN LE CUR I BHFEIDHM NA DTREOIRLÍNTE PLEANÁLA RÉIGIÚNAÍ REATHA, NA STRAITÉISÍ EACNAMÁIOCHA AGUS SPÁSÚLA DON RÉIGIÚN, MAR AON LE POLASAITHE EACNAMÁIOCHA, FIONTAIR AGUS TURASÓIREACHTA I GCOITINNE AG LEIBHÉAL RÉIGIÚNACH AGUS NÁISIÚNTA.

RÉIMSE TACAÍOCHTAÍ A DHÍRÚ I DTREO GNÓLACHTAÍ AITIÚLA I BHFINE GALL

Measúnacht

Leanadh leis an LECP a chur i bhfeidhm thar roinnt Rannóga de chuid na Comhairle agus mórán páirtithe leasmhara seachtracha. Bhí sé le feiceáil go ndearnadh dul chun cinn maidir le gach sprioc agus aidhm.

Oibríonn Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall (OFA Fine Gall) faoi Chomhaontú Seirbhíse idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Fiontraíocht Éireann. Is é an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a mhaoiníonn OFA Fine Gall agus tá sé comhfhoinnithe ag an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Bhí bliain an-ghnóthach agus an-rathúil ag OFA Fine Gall in 2019 agus baineadh amach na príomhspríocanna go léir. Faomhadh 32 tionscadal le haghaidh maoinithe a chruthaigh 109 post nua sa gheilleagar áitiúil. De réir mar a mhéadaíonn an geilleagar náisiúnta agus áitiúil, is gné í an rannpháirtíocht láidir i ngach eochairtionscnamh do ghnólachtaí nua / fiontraíthe uaimhianacha agus FBManna. I measc na gclár a thairiscítear, tá cúrsaí chun gnólachtaí a thosú, Meantóireacht, Clinicí Gnó, 53 ceardlann Forbartha Bainistíochta agus go leor tionscnamh eile, m. sh. gníomhaíochtaí chun ullmhú le haghaidh Brexit agus clár LEAN curtha ar fáil ag OFA Fine Gall.

I measc mórthionscadal suaitheanta bhí “Seachtain Fiontraíochta Áitiúil 2019”. D’éirigh thar barr leis agus bhí sé ar cheann de na himeachtaí is mó den chineál sin sa tír.

Tá ról tábhachtach le himirt ag OFA Fine Gall maidir le cultúr fiontraíochta a chothú. Ritear an Clár Fiontair do Mhic Léinn i bhformhór na meánscoileanna i bhFine Gall, agus tógann os cionn 2,7000 mac léinn páirt gach bliain

COMHORDÚ, BAINISTÍOCHT AGUS MAOIRSEACHT A DHÉANAMH AR CHLÁIR FHOBARHTHA ÁITIÚLA A CHUR I BHFEIDHM, CLÁR GNÍOMHACHTÚCHÁIN POBAIL UM IMEASCADH SÓISIALTA DE CHUID AN RIALTAIS (SICAP) AGUS LEADER SAN ÁIREAMH

Buaileann an Coiste Maoirseachta SICAP le chéile ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh, comhairle a thabhairt agus maoirseacht a dhéanamh ar son EMPOWER ag a bhfuil an fhreagracht chun an Conradh a chur i bhfeidhm. Bhain SICAP Fhine Gall a spriocanna bliantúla pleanáilte amach agus luaitear é mar shampla den dea-chleachtas go náisiúnta. Is é an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) Baile Átha Cliath Tuaithe LEADER ina bhfuil ionadaíocht o Fhine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. In 2019, faomhadh os cionn €1.5 milliún le haghaidh 18 tionscadal nua. Go dtí seo sa chlár, faomhadh 64 tionscadal le haghaidh €3.03 milliún. Díobh siúd tá 45 i bhFine Gall, 4 cinn i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus 15 i mBaile Átha Cliath Theas.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Forbairt Eacnamaíocht, Fiontair & Turasóireachta



Sprioc

GNÍOMHAÍOCHTAÍ RÁITIS FHINE GALL MAIDIR LEIS AN STRAITÉIS TURASÓIREACHTA 2017-2022

TACÚ LE HOBAIR AN CHOISTE UM FHOBAIRT PHOBAIL AITIÚIL (LCDC) AGUS SPC EACNAMAÍOCH, FIONTRAÍOCHTA AGUS TURASÓIREACHTA

STRAITÉIS SHOCEACNAMAÍOCH A FHOBAIRT DO BHAILE BHRIGÍN I GCOMHAR LE GACH PRÍOMHPHÁIRTÍ LEASMHAR

Measúnacht

Leanadh leis an Straitéis a chur i bhfeidhm in 2019. Thacaigh an Clár Imeachtaí agus Féilte le os cionn 82 imeacht agus féile ar fud an Chontae in 2019. Ghin na hócáidí sin tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha agus mheall siad cuairteoirí ó thar lear. Leanadh leis an gcomhoibriú atá ann le Fáilte Éireann maidir le Fine Gall a chur chun cinn mar cheann scribe do thurasóirí. Tá maoiniú deontais faighte againn faoin gclár do na Sceirí 'Bailte Cinn Scríbe'. Leanadh le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí tuarasóireachta áitiúla in 2019, lean n-áirítear Binn Éadair, Na Sceirí, Baile Bhrigín, Mullach Íde, Domhnach Bat/Port Reachrann agus na sráidbhailte tuaithe. San áireamh san infheistíocht inár bpunann de Réadmhaoin Oidhreachta tá:

- Críoch curtha le staidéar indéantachta do Thúr Martello sna Sceirí
- Sainchomhairleoirí fostaithe chun measúnú a dhéanamh ar struchtúr Chaisleáin Bhrí Mór.
- Críoch curtha le hobair chaomhnúcháin ar Casino Mhullach íde, agus tús curtha le hobair chun ionad a chur ar fáil do Mhionsamhail Iarnród Fry
- Críoch curtha le Céim II d'oibreacha cumasaithe agus caomhthaithe ag Caisleán Shoird. Oibreacha déanta ar an Túr Thoir, an Teampall agus an múr cosanta
- Córas teasa uasghrádaithe i dTeach Newbridge agus Caisleán Ard Ghiolláin
- Tosaíodh ar athchóiriú a dhéanamh ar Theach Cúirte Bhinn Éadair
- Sainchomhairleoirí fostaithe le haghaidh athfhorbartha Red Barn, Na Sceirí
- Sainchomhairleoirí fostaithe chun tuairiscú ar conas Droichead Guinness, Na Ceapóga Sú Talún a chaomhnú.

Tugadh lántacaíocht do SPC an LCDC agus an EETD in 2019 tar éis dóibh a gclár oibre faoi seach a chríochnú.

Seoladh Plean Athnuachana Ár mBaile Bhrigín 2019 – 2025 i mBealtaine 2019, tar éis próiseas comhairliúcháin leathan a bheith ann. Cuimsíonn an Plean 93 gníomh thar ceithre bpiléar.

Bunaíodh ceithre grúpa oibre piléir le saineolaithe mar chathaoirligh i mBealtaine 2019. Bhuail na grúpaí oibre seo le chéile go rialta le linn 2019 chun na nithe a leanas a chur chun cinn:

- An Ríocht Phoiblí
- An Geilleagar Áitiúil a Mhéadú
- Gnóthaí Pobail & Imeascadh
- Oideachas, Oiliúint & Fostaíocht.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Comhshaol & Gníomhaíocht ar son na hAeráide



Sprioc

IARCHÚRAM AR LÁITHREÁIN LÍONADH TALÚN STAIRIÚIL AGUS DÚNTA

Leanadh le comhlíontacht maidir le ceadúnais GCC do Láithreáin líonadh talún Bhaile Amhlaobh agus Dún Sinche. Cuireadh creatlacha i bhfeidhm d'oibreacha innealltóireacha agus le haghaidh measúnú riosca ar líonadh stairiúla agus dúnta. Rinneadh measúnú ar dhá láithreán stairiúil. Tá líonadh talún Bhaile Amhlaobh páirtoscailte don phobal tar éis ahtchóiriú a dhéanamh air atá beagnach críochnaithe.

MONATÓIREACHT AR THRUAILLIÚ AEIR AGUS TORAINN

Shuiteáil Bonneagar Iompair Éireann monatóirí torainn agus aeir ar an M50. D'fhoilsigh an GCC tuarascáil ar cháilíocht aeir i Réigiún Bhaile Átha Cliath, agus aithníodh ceantair i lár na cathrach agus tairsí isteach sa tollán calafoirt mar cheantair ina d'fhéadfaí na teorainneacha bliantúla do NOx le haghaidh 2019 a shárú agus inar dócha go mbeadh gá le Plean Bainistíochta ar Cháilíocht Aeir do cheirtleán Bhaile Átha Cliath.

Tá trí stáisiún monatóireachta do cháilíocht an aeir ag an Líonra Monatóireachta um Cháilíocht Aeir Náisiúnta agus déanann an Chomhairle ceann amháin díobh a chothabháil.

RIALÚCHÁIN DRAMHÁIOLA A FHORFHEIDHMÍÚ

Baineadh amach na spriocanna i mbliana le haghaidh imscrúduithe sa Phlean Bliantúil (RMCEI), lena n-áirítear tosaíochtaí náisiúnta. Foilsíodh Dréachtfhodhlithe Dramháiola chun críche comhairliúcháin.

SEIRBHÍS RIALAITHE MADRA AGUS CAPALL

Lean an Chomhairle uirthi ag forfheidhmiú reachtaíocht a bhaineann le Rialú Madraí agus Rialú Capall. Soláthraítear na seirbhísí Maor agus Póna Madraí ar conradh. Cuireadh leis na seirbhísí Maor Madraí in 2019 chun patróil deireadh seachtaine a áiriú. Fuarthas úineir nua do thart ar 97% de na madraí a gabhadh nó a tugadh do na Maor Madaí, nó aistríodh go dtí grúpa leasa madraí eile iad. Soláthraítear an tseirbhís gafa capall ar conradh agus in 2019, gabhadh 412 capall.

SEIRBHÍS MAOR BRUSCAIR A CHUR I BHFEIDHM

Bíonn seisear Maor Tráchta ar patról ar bhealaí a leagtar síos roimh ré ar fud Fhine Gall.

I mbliana tugadh isteach patróil siúil i mbailte i bhFine Gall. In 2019, d'eisigh na Maoir 935 fineáil agus tionscnaíodh imeachtaí dlí i gcás 164 díobh.

UISCÍ DROMCHLA, TALAIMH AGUS CÓSTA A CHOSAINT

Bhí iniúchtaí RMCE ann lena n-áirítear ar Fheirmeacha (22), dabhach shéarachais (8), Monatóireacht ar Aibhneacha (85), monatóireacht bhreise ar aibhneacha neamhrechtúil (397), iniúchtaí ar eisilteach trádála (129) agus sampláil d'uisce snámha (103). Bhí Fine Gall páirteach in iniúchtaí i mBaile Roiséir (Eochairáit le haghaidh gníomhaíochta) agus bhí sé i dteagmháil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an ahtchóiriú atá molta d'abhainn Sheantraibh. D'fhreastail an Chomhairle freisin ar chruinnithe eolais don phobal don Tulcha Uacht ar.

Chuaigh Fine Gall chun cinn maidir le tionscadal taighde comhoibrithe le DIT/TUC agus le UCD ar Uisce Snámha a Chlíomú (leis an mbéim ar Thránna Phort Reachrann agus Dhomhnach Bat).

Rinneadh tríocha seacht iniúchadh ar thruailliú uisce.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Comhshaol & Gníomhaíocht ar son na hAeráide



Sprioc

Measúnacht

CLÁR FEASACHTA COMHSHAOIL A SHOLÁTHAIR

In 2019 bhí an Clár Feasachta Comhshaoil níos gníomhaí ná mar a bhí riamh. Áiríodh i measc na dtionscadal an Bhithéagsúlacht a chur chun cinn agus an Plean Pailnithe, Clár Scoileanna Glasa, Dramhaíl a Sheachaint, an Tionscadal Uirlisí san áireamh agus comórtas inmharthanachta Spóirt CLG.

Bhronn an Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail maoiniú ar 25 Grúpaí Pobail/ Cumainn Chónaitheoirí, Scoileanna agus Eagraíochtaí le haghaidh tionscadal comhshaoil. Dhírigh an ciste frithbhruscair agus frithghraifítí ar phobail áitiúla agus bronnadh maoiniú ar 15 tionscadal chun dul i ngleic le graifítí agus bruscar i gceantair áirithe

SCÉIMEANNA COSC LE TUILE A CHUR I BHFEIDHM I GCOMHAR LE HOIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ

Roghnaíodh dhá Scéim Cosc le Tuile (Abhainn na Comhla i bPort Mearnóg agus Sruth an Mhuilinn sna Sceirí) ach ag deireadh 2019 bhí tástáil indéantachta fós le déanamh a bheadh bunaithe ar thuilleadh monatóireachta agus suirbhéanna.

COMHORDÚ AN PHEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE

Tá struchtúr rialachais in áit agus tá Coiste Stiúrtha ann ag leibhéal Stiúrthóir Seirbhíse. Oibríonn an tOifigeach Athrú Aeráide le hIonadaithe Feidhmiúcháin ó gach Rannóg sa Chomhairle agus le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara eile chun an Plean Gníomhaíochta Athrú Aeráide a chomhordú agus é a sheachadadh do 2019-2024. Ghlac an Chomhairle leis an bPlean i mBealtaine 2019 agus cuireadh faoi bhráid na Roinne cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil é i Meán Fómhair 2019. Tá clár monatóireachta agus tuairiscithe i bhfeidhm chun a chinntiú go seachadófaí é. Déanfar athbhreithniú go bliantúil ar na gníomhaíochtaí.

IONAD FÁG ANSEO A SHOLÁTHAR LE HAGHAIDH BUIDÉAL GLOINE

Tá dhá ionad fónas poiblí ag an gComhairle (Inbhear & Cúil Mhín), líonra de 60 Ionad Fág Anseo ar fud an Chontae agus 26 banc athchúrsála éadaí.

In 2019, bailíodh agus rinneadh athchursáil ar thart ar 5,100 tonna de ghloine thréhdhearcach, glas agus donn.

Leis seo bhí sábháil dhíreach de 295 kg CO₂ in aghaidh an tonna a bailíodh. i.e. 1,505 tonna CO₂. Díreofar aird ar an mbuntáiste dearfach don aeráid a eascraíonn as gloine a athchúrsáil.

COTHABHÁIL A DHÉANAMH AR AN LÍONRA D'UISCE DROMCHLA

Leantar le cothabháil a dhéanamh ar líonraí uisce dromchla ar fud an Chontae, agus tá roinnt eochairtionscadail ar bun faoi láthair chun an líonra uisce dromchla agus an baol ó thuilte a fheabhsú ar fud an Chontae.

SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR THAR CEANN UISCE ÉIREANN

Comhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann fós i bhfeidhm chun Seirbhísí Uisce a sheachadadh ar fud Fhine Gall.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Airgeadais



Sprioc

BAINISTIÚ FIACHAIS GNÍOMHACH (RÁTAÍ/ PEL/NPPR)

In 2019, bailíodh 97% de Rátaí Tráchtála. Thóg an Leibhéal Bunúsach Réadmhaoine (PEL), muirear a ghearrtar ar gach foirgneamh nuathógtha ar feitheamh measúnaithe le haghaidh Rátaí Tráchtála, thóg sé isteach €295,635. In 2019, ba é €1,698,983 an tloncam ón muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha

BAINISTÍOCHT ÉIFEACTACH AR ÉILIMH DHLITEANAIS AGUS POLASAITHE ÁRACHAIS

Rinne an Chomhairle gach éileamh in aghaidh na Comhairle a bhainistiú agus a fhiosrú go réamhghníomhach. Táimid i dteagmháil lenár n-árachóirí i gcónaí maidir leis na polasaithe árachais atá i bhfeidhm.

CINNTE A DHÉANAMH DE GO NDÉANTAR ATHBHREITHNIÚ AGUS MONATÓIREACTH AR BHUISÉID

Rinneadh athbhreithniú go ráithiúil ar bhuiséid cuntais ioncaim agus ar an bPlean Caipitil

CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA A DHÉANAMH

Cuireadh an Plean Caipitil 2020 -2022 faoi bhráid na gComhairleoirí i nDeireadh Fómhair 2019

BUISÉAD BLIANTÚIL A DHÉANAMH

Cuireadh an Buiséad 2020 faoi bhráid na Comhairle ar 26 Samhain 2019.

RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL A DHÉANAMH

Cuireadh críoch leis na Ráitis Airgeadais 2018 in Aibreán 2019 agus síníodh Tuarascáil an Iníochóra i Lúnasa 2019.

BAINISTÍOCHT AR CHUNTAIS INÍOCHTA, PÁRÓLLA AGUS EIS-SREABHADH AIRGID CHUN CISTEÁIN A BHAINISTIÚ

Phróiseáil 'Cuntais Iníochta' €402m d'íocaíochtaí le linn 2019, méadú €77m i gcomparáid le 2018. Déantar bainistíocht ghníomhach ar na cisteáin agus ar shreabhadh airgid i rith na bliana.

Is é AD a dhéanann bainistíocht ar Phárólla anois agus tá an próiseáil seachfóinsithe le MyPay.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Seirbhísí Tithíochta



Spríoc

SPRIOCANNA FHINE GALL MAIDIR LEIS AN STRAITÉIS TITHÍOCHTA SÓISIALTA NÁISIÚNTA 2020/ATHTÓGÁIL ÉIREANN A SHEACHADADH

Measúnacht

Lean Fine Gall air le clár uailmhianach tithíochta sóisialta a sheachadadh. Don tréimhse 2015 to 2019 tugadh spríoc d'Fhine Gall 5,392 réiteach maidir le tithíocht sóisialta a sheachadadh. Seachadaíodh na tithe teaghlaigh seo faoi réimse meicníochtaí éagsúla, lena n-áirítear Clár Tógála, Clár Léasa (RAS agus LTL), Clár Sealbhaithe, aonaid faoi Chuid V, tithe folmha agus Scéim HAP.

Oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirtíocht freisin le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun aonaid tithíochta sóisialta a sheachadadh tríd an áis Léasa Réamhíocaíochta Caipitil, Morgáiste go Cíos agus Scéimeanna Cúnaimh Chaipitil.

Ba í 2019 an dara bliain don séim Iasachta Tithíochta Athtógáil Éireann a bheith ann agus mheall sí leibhéal ard d'fhiosrúcháin agus spéise.

Ba é 803 líon na n-iarrataróirí faoin scéim seo faoi dheireach 2019.

Tháinig méadú ar na roghanna atá ann d'iasachtaithe agus faoi dheireadh na bliana tarraingíodh síos 196 iasacht, arb ionann €43 milliún.

CLÁR SOLÁTHAIR TITHÍOCHTA SÓISIALTA A SHEACHADADH AR AON DUL LE STRAITÉIS TITHÍOCHTA FHINE GALL AGUS PLEAN FORBARTHA AN CHONTAE 2017 – 2023

Le linn 2019 seachadaíodh na tionscadail tithíochta Comhairle a leanas:

SCÉIM	AONAD
Fearann an Chaisleáin, Baile Bhrigín	24
Móinéar na hAbhann, St Margaret's	2
Pinewood, Baile Bhrigín	2
Avondale, BÁC 15	42
Bóthar an Teampaill, Mullach Eadrad, BÁC 15	22
Baile an Rólaigh, Sord, Céim 1	26

MEICNÍOCHTAÍ SEACHADTA EILE

Tá méadú ann ar an seachadadh faoi Chuid V bliain ar bhliain de bharr borrtá tógála.

Seachadaíodh 171 teach san iomlán faoi Chuid V in 2019.

Sheachadaigh Comhlachtaí Tithíochta Faofa 204 teach nua san iomlán le tacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall.

Seachadaíodh 85 teach san iomlán faoi shocruithe léasa fadtéarmach agus Morgáiste go Cíos.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Seirbhísí Tithíochta



Sprioc

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN A SHEACHADADH AGUS A BHAINISTIÚ DE RÉIR PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Lean an Fhoireann do Dhoine gan Dídean uirthi ag cur tacaíocht ar fáil dóibh siúd atá gan dídean tríd an tSeirbhís Cosanta Tionóntachta de chuid Threshold.

In 2019, maolaíodh cúinsí do dhaoine gan dídean le haghaidh 516 teaghlaigh (teaghlaigh/daoine aonair/lánúaineacha) trí thacaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear 365 tionóntach gan dídean HAP curtha ar fáil tríd an bhFeidhmeannacht Réigiúnach i mBaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean.

Rinneadh na daoine a chodlaíonn amuigh a chomhaireamh san Earrach agus sa Gheimhreadh. Ar an oíche dheiridh a rinneadh daoine a chomhaireamh (26 Samhain 2019), aimsíodh duine amháin a bhí ag codladh amuigh. Tugann foireann tacaíochta na Comhairle tacaíocht do dhaoine a chodlaíonn amuigh i gcomhar leis an bhfoireann atá i gClann Shíomóin Bhaile Átha Cliath a oibríonn ar son na cúise céanna.

AN SCÉIM ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA A RIAR

Ta an scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) i bhfeidhm i bhFine Gall le trí bliana anois agus in 2019 cuireadh 727 tionóntacht nua in áit.

STOC TITHÍOCHTA/TITHE FOLMHA A BHAINISTIÚ AGUS A CHOOTHABHÁIL

Ag am ar bith bhíonn thart ar 1% de thithe laistigh den stoc tithíochta folamh. Fuarthas 13,048 iarratas le haghaidh cothabhála don tréimhse 2019, méadú 975 ar an bhfigiúr in 2018.

CLÁR CÓIRÍOCHTA DO THAISTEALAITHE 2019-2023 A CHUR I BHFEIDHM

Léiríonn an comhaireamh a rinneadh in 2019 den Lucht Taistil go bhfuil 523 teaghlach sa Chontae. Sholáthraigh an Chomhairle 35 aonad cóiríochta caighdeánaí do Thaistealaithe in 2019 agus tá scéim iasachta carbháin do Thaistealaithe mar chúnamh breise maidir le cóiríocht a sholáthar.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Acmhainní Daonna



Sprioc

**CULTÚR ÉIFEACTACH UM FHOIRIAR AGUS
FHEIDHMÍOCHT BAINISTITHE A CHOThÚ SAN
EAGRAÍOCHT**

Measúnacht

Clár PMDS maidir le Creatlach
Inniúlachta n-eadaithé
Clár Oilúna agus Forbartha gníomhach ar siúl i gcónaí

**CLÁR A CHUR I bhFEIDHM A CHOThAÍONN
FOLLÁINE, COMHIONANNAS AGUS
ÉAGSÚLACHT SAN ÁIT OIBRE**

Clár Foirne um Fholláine, Chomhionannas agus Éagsúlacht curtha i bhfeidhm
in 2019
Seachtain Sábháilteachta agus Folláine i nDeireadh Fómhair 2019

**BARR FEABHAIS A CHUR AR SCILEANNA
ACMHAINNÍ DAONNA NA COMHAIRLE AGUS
AN ROCHTAIN ATÁ ORTHU**

65 comórtas earcaíochta
204 ball foirne earcaithe
436 cúrsa oilúna curtha ar fáil
Bhain 40 ball foirne leas as an Scéim Oideachais Foirne

**TIMPEALLACHT OIBRE SÁBHÁILTE AGUS
SLÁINTIÚIL A CHUR CHUN CINN**

Laghú i líon na dteagmhas Tromchúiseaí san Áit Oibre. Rinneadh 310 iniúchadh
sábháilteachta
Duais Ardghradaim agus Duais Ardghnóthachtaí Seasmaí bronnta ag
Dámhachtainí Bliantúla Sábháilteachta Ceirde NISAO.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Teicneolaíocht Faisnéise



Spríoc

Measúnacht

STRAITÉIS DHIGITEACH A DHÉANAMH

Cuireadh Straitéis Dhigiteach Fhine Gall i gcrích in 2019. Agus í á fobairt, áiríodh próiseas comhairliúcháin do pháirtithe leasmhara agus bunaíodh an Grúpa um Mhaoirseacht Dhigiteach Fhine Gall. Leagan an doiciméad amach an t-athrú ó bhonn atá i ndán d'Fhine Gall thar tréimhse trí bliana, agus áirítear ann roinnt táirgí insoláthartha chun feabhas a chur ar ár modh maireachtála, agus ar an gcaoi a oibrímid agus a dhéanaimid ár ngnó i bhFhine Gall

Cuireadh tús le roinnt tionscadal agus tionscnamh sa Straitéis in 2019 lean n-áirítear: Guthanna nach gCloistear SBIR, Binse Cliste píolótach, Mol Cliste Soghluaiseachta SBIR, Mol Inniúlachta Cruthaitheach Not so Different, agus foilsíú Phlean Wifi Poiblí Fhine Gall.

CÓRAIS TF SÁBHÁILTE A ANILSIÚ, A DHEARADH AGUS A ÚSÁID CHUN TACÚ LE PRÓISIS GNÓ

Leanadh le tacaíocht a thabhairt do chórais reatha agus seanchórais in éineacht le huasghrádú suntasach ar chórais rannóga, lena n-áirítear Pleanáil, Tithíocht, AD/Párolla agus córais bainistíochta doiciméad; Infreastruchtúr GIS; Infreastruchtúr Bhunachar sonraí
Rinneadh anailís freisin ar phróisis sreabhadh oibre ag baint úsáide as Six Sigma i roinnt rannóga, lena n-áirítear Tithíocht, Pleanáil agus TF.


SEIRBHÍS TACAÍOCHTA ÉIFEACTÚIL A SHEACHADH DÁR BHFOIREANN, DÁR GCOMHAIRLEOIRÍ AGUS DO BHAILL AN PHOBAIL

Cuireadh seirbhís bhainistithe don Deasc Freastal agus don Infreastruchtúr TF i bhfeidhm mar aon le conradh priontála bainistithe nua. Tar éis na dToghchán Áitiúil, tugadh ríomhairí glúine agus seirbhís tacaíochta do 40 Comhairleoir. Rinneadh Infreastruchtúr Ríomhaire/Stórála na Comhairle a athnuachan mar chuid den chlár uasghrádaithe infreastruchtúir atá ar siúl. Cuireadh Wifi Corparáideach i bhfeidhm i ngach eochairláithreán Corparáideach. Tugadh ríomhaire glúine do gach ball foirne sinsearach agus leanadh ar aghaidh le huasghrádú rollach a dhéanamh ar ríomhairí na foirne.

GNÓ INMHARTHANA A SPREAGADH TRÍD 'DEARADH DIGITEACH'

Tá roinnt tionscadal sa chlár - Office365; Néalteileafónaíocht agus Ionad Teagmhála Chustaiméara; Néalchórais Comhoibríthe; Néalbainistíocht Doiciméad; Néal CRM; Bainistíocht Sócmhainne/Fórsa Saothair; Bainistíocht Athraithe agus Próiseas Gnó Feabhsaithe.

Bronnadh conartha le haghaidh Office365; Néalteileafónaíocht agus Ionad Teagmhála Chustaiméara; Néalchórais Comhoibríthe; Néalbainistíocht Doiciméad agus Bainistíocht Athraithe, agus bhí siad go léir ar siúl ag deireadh 2019.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Teicneolaíocht Faisnéise



Sprioc

Measúnacht

CULTÚR FEABHAIS LEANÚNAÍ A SPREAGADH

Cuireadh tús le mórtionscadail feabhais gnó san áit oibre sa Phleanáil (ríomhphleanáil) agus Tithíocht (Ríomhthithíocht), agus leanadh leis an obair ar an tionscadal AD/Párolla (Core HPPS). In 2019 bhí punann de fiche clár oibre an Rannóg TF, lena n-áirítear 121 tionscadal san iomlán.

Cuireadh tús le modheolaíocht Bainistíochta Tionscadal agus Córas a chur i bhfeidhm sa Chomhairle in 2019. An aidhm atá ann ná Bainistíocht Tionscadal agus Clár a dhigiú agus a chaighdeánú.

RÉITIGH NUÁLAÍOCHA A CHUR CHUN CINN TRÍD NA MEÁIN **Web, GIS, CRM, ANAILÍOCHT SONRAÍ, BPI, SONRAÍ OSCAILTE AGUS BAINISÍOCHT FAISNÉISE**

Seachadaíodh roinnt réiteach nua, feabhsaithe le linn 2019, lena n-áirítear:

- Seoladh Fingal.ie athdheartha
- Córas tacaíochta do Chúram Custaiméirí a fhorbairt
- Réitigh éagsúla CRM a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear iarratais ar shaoráil faisnéise, Córas tacaíochta do Dhaoine Gan Dídean, agus Saolré foirne
- Réitigh Soghluaiseachta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear iniúchtaí ar bhaoithe tarrthála, ar chlóis shúgartha agus tacaíochtaí Maoir Páirce
- Cumraíocht deais Intleacht Ghnó, lena n-áirítear Clár Riosca Corparáideach agus Suíomhanna Gearán faoi Bhruscar.

DEA-CHLEACHTAS I RIALACHAS TF A CHUR I BHFEIDHM.

Leanann an Rannóg TF an dea-chleachtas i ngach gné de rialachas TF. Cuireadh dea-chleachtas tionscail i bhfeidhm freisin maidir le Seirbhís Bhainistithe agus Soláthróir Seirbhíse Bainistithe a thabhairt isteach.

Dlí

Sprioc

Measúnacht

SEIRBHÍSÍ DLÍ A SHOLÁTHAR DON PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH AGUS DO GACH RANNÓG COMHAIRLE

Cuirtear seirbhísí dlí ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus do Rannóga Comhairle de réir mar is gá.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Leabharlanna



Spríoc

AN PLEAN FORBARTHA LEABHARLAINNE 2018-2023 A FHOILSIÚ AGUS A CHUR I BHFEIDHM

AN CAIGHDEÁN IS FEARR IS FÉIDIR A CHINNTIÚ MAIDIR LE SPÁSANNA LEABHARLAINNE A SHEACHADADH AGUS A OIBRIÚ

CINNTE A DHÉANAMH DE GO GCAITHTEAR BUISÉAD NA LEABHARLANN GO CUÍ AGUS AR AON DUL LE POLASAITHE SOLÁTHAIR NA COMHAIRLE.

CINNTE A DHÉANAMH DE MBEIDH ROCHTAIN GAN BRISEADH AR SHEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE.

TUILLEADH FORBARTHA A DHÉANAMH AR FHEABHSUITHE TFC I LEABHARLANNA FHINE GALL AGUS IAD A CHUR I BHFEIDHM.

Measúnacht

Leanadh leis na seacht spríoc sa Phlean a chur i bhfeidhm in 2019 trí 42 gníomh.

Faomhadh an síneadh agus athchóiriú atá beartaithe do Leabharlann na Sceirí i nDeireadh Fómhair 2019.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar threoir don Leabharlann Contae nua i gCeantar Cultúrtha Shoird (SCQ)

Bhog Staidéir Áitiúla agus Cartlanna go dtí áitreabh nua sa SCQ at 46 Sráid Thuaidh.

Bronnadh Cairt Aoisbháúil ar Leabharlanna an Ros agus Mhullach Íde in 2019.

Caitheadh airgead an bhuiséid ar bhainistíocht agus forbairt seirbhísí leabharlaine sa Chontae ar aon dul le polasaithe soláthair.

Cuireadh Bailiúchán HQ, córas leictreonach bainistíochta stoc, bunaithe ar fhianaise, in bhfeidhm chun feabhas a chur ar stoc leabharlaine a bhainistiú agus a choimeád.

Bhí líon na gcustaiméirí i leabharlanna Fhine Gall láidir i gcónaí in 2019. Thug 1,008,436 duine cuairt (3.4 in aghaidh gach duine den daonra) ár 10 mbrainse leabharlaine, ár leabharlanna taistil, agus ar an tSeirbhís Staidéir Áitiúla agus Cartlainne. Níor dúnadh aon leabharlann in 2019 nach raibh planáilte. é sin a dhéanamh.

Bhí méadú 41.2% i líon na n-earraí (leabhair, CD, DVD agus acmhainní leictreonacha) a eisíodh do bhaill leabharlaine in 2019 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. San iomlán, eisíodh 1,067,112 earra in 2019 – earraí fisiceacha a bhí in 54.1% díobh, go príomha leabhair ach CD agus DVD freisin. Acmhainní leictreonacha, go háirithe nuachtáin ar líne, a bhí in 45.9% de na hearraí a eisíodh. Bhí an-tóir freisin ar cheol a íoslódáil, r-irisí, r-leabhair agus r-closleabhair.

Suiteáladh spásanna le haghaidh cruinnithe le pointí luchtaithe leictrigh i Leabharlanna Bhaile Bhlainséir, Mhullach Íde agus Bhaile Bhrigín.

Suiteáladh Hublets (tábléad a thógtar ar iasacht) i Leabharlanna Bhaile Dúill, an Ros agus Bhinn Éadair, Bhaile Gáire agus Dhomhnach Bat.

Suiteáladh Tover tafels (trealamh Bord Draíochta) i Leabharlann Mhullach Íde agus an Ros. Tá sé an-úsáideach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus do leanaí a bhfuil lagú céadfach orthu.

Tá bothanna féinsheirbhíse i bhfeidhm i Leabharlanna Bhinn Éadair, Bhaile Gáire agus Bhaile Dúill ó Bhealtaine 2019.

Reáchtáladh imeachtaí STEAM -Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealltóireacht, Ealaín agus Mata trí líonra na mbrainsí in 2019.

Cuireadh Freegal Music ar fáil do bhaill leabharlanna Fhine Gall., seirbhís sruthaithe agus íoslódála saor in aisce ina bhfuil os cionn 15 milliún amhrán agus os cionn 40,000 físeán ceoil.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Leabharlanna



Sprioc

NASCANNA AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LÁIDIR A FHOIRTEAR LE GNÍOMHAIREACHTAÍ SEACHTRACHA CHUN TACÚ LE RÓL NA LEABHARLAINNE MAR IONAD POBAIL EOLAIS ATÁ IONCHUIMSITHEACH, OIDEACHASÚIL AGUS AR FÉIDIR FOGHLAIM ANN.

Measúnacht

Bronnadh €40,350 ar Leabharlanna Fhine Gall faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin, faoi réir maoinithe meaitseála ón gComhairle, chun Scéimeanna a fhorbairt do Dhaoine a bhfuil Uathas orthu trí líonra na mbrainsí. Ritheann leabharlanna i bhFhine Gall seisiúin den chineál sin gach mí, agus bíonn ‘am ciúin’ ann go rialta agus ‘imeachtaí suaimhneacha’ chun freastal ar dhaoine uathacha.

Reáchtáladh an tríú Féile Staire Fhine Gall bliantúil ó 30 Meán Fómhair go dtí 7 Deireadh Fómhair. Ar an gclár i mbliana bhí Stair ag an gCaisleán, cainteanna le scéalaíocht agus ceol ag Temapall Chaisleáin Shoir. Bhí trí cheardlann agus bhí cainteanna ann chun an tsamhlaíocht agus an chruthaitheacht a spreagadh.

Bhí os cionn 200 duine i láthair ag comhdháil darb ainm “Éigeandáil Aeráide – Oidhreacht na Glúine seo” a d’eagraigh Europe Direct agus Leabharlann Bhaile Bhlainséir.

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht i gClub Fiontraíthe Óga de chuid Europe Direct/Leabharlann Bhaile Bhlainséir ná clár a mhaireann aon seachtain déag do leanaí idir 10 agus 12 bliain d’aois. Foghlaimíonn siad faoi chonas taighde margaíochta a dhéanamh, margaíocht agus bainistíocht airgeadais.

FÓRSA SAOTHAIR LEABHARLAINNE ARDCHAIGHDEÁIN A CHOIMEÁD A FHAIGHEANN OILIÚINT AGUS TACAÍOCHTA CHUN SEIRBHÍSÍ A SHEACHADADH.

Le linn 2019 fuair an fhoireann traenáil chuí, ghlac siad páirt san forbairt ghairmiúil leanúnach agus fuair siad tacaíocht chun deiseanna ábhartha a thapú maidir le hoideachas tríú leibhéal.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Rannóg Oibríochtaí



Sprioc

BÓITHRE: IAD A CHOThABHÁIL, A DHÉANAMH NÍOS FEARR AGUS NÍOS SÁBHÁILTE

Measúnacht

Laistigh de Cheantar Fhine Gall, tá 65km de Bhóithre Náisiúnta, lena n-áirítear Mótorbhealaí, 264km de Bhóithre Réigiúnacha agus 1,011km de Bhóithre Áitiúla agus trí stáisiún ag Baile Bhrigín, i Sord & i gCúil Mhín. Baineadh amach Clár Oibreacha leathan in 2019 ar an gContae, lena n-áirítear bóithre agus cosáin a athnuachan agus a dheisiú. Próiseáladh na hiarratais a leanas in 2019:

Mír	2019
Ceadúnais Ceada Slí/ Cumarsáide/ Oscailt Bhóthair	1,776*
Teastais Fíneála a thabhairt isteach	1,862
Ceadúnais le haghaidh Ualach Neamhghnách	498
Dúnadh Bóthair Sealadach	59

*Nóta: Déantar gach ceadúnas a phróiseáil ar an gCóras MRL Ar Líne.

Sábháilteacht ar Bhóithre:

- Reáchtáladh Scéim Sráide Scoile i Mullach Íde.
- Soláthraíodh 126 Maor Scoile
- Rinneadh measúnú ar 92 Trasrian Coisithe Scoile agus cuireadh feabhas orthu
- Cuireadh Sábháilteacht ar Bhóithre agus ar Rothair chun cinn, agus cuireadh oiliúint Maor Scoile Sinsearach ar fáil
- Cuireadh feachtais um Shábháilteacht ar Bhóithre Náisiúnta chun cinn (lena n-áirítear Fearas Cinn VR urraithe ag Scoil Tiomána Aviva & Seó um Shábháilteacht ar Bhóithre AXA)
- Imeachtaí le linn Seachtain na Rothar/ Velodrome sráide
- Feachtais a chur chun cinn: Rothaigh chun na Scoile/Rothaigh chun na hoibre/ Bealaí Sábháilteach chun na Scoile/Busanna Síúil
- Rannpháitíocht i Seachtain Réthaistil na hEorpa, agus bhí 'Lá gan Carr' i Mullach Íde

SOILSIÚ POIBLÍ:

In 2019, rinneadh cothabháil ar stoc soilse na Comhairle de 32,900 solas agus mar thoradh air sin eisíodh 10,614 iarratas jab, lena n-áirítear 6150 tríd an gClár éifeachtúlacht fuinnimh LED, rud a shábhálfáidh os cionn 1.15 milliún kWh in aghaidh na bliana agus ag a bhfuil ról tábhachtach maidir le spriocanna fuinnimh 2020 na Comhairle a bhaint amach.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh Rannóg Oibríochtaí



Sprioc

PÁIRCEANNA: BAINISTÍOCHT AGUS COTHABHÁIL AR PHÁIRCEANNA RÉIGIÚNACH, SPÁSANNA OSCAILTE, PÁIRCEANNA IMEARHTHA & SAORÁDÍ FÓILLÍOCHTA

Leanadh le bainistíocht agus cothabháil a dhéanamh ar:

- c. 5,000 acra (2000 Ha.) de spásanna poiblí oscailte, lena n-áirítear páirceanna réigiúnacha agus comharsanachta, c. 800 garraí scóir, 50 clós súgartha, 170 páirc imeartha, ocht bpáirc uile-aimsire
- Páirceanna cruicéid: Diméin Mhullach íde, Páirc an Bhaile, Baile Bhrigín, Baile an Phóirtéaraigh, Lanesborough agus Páirc Bhaile an Tirialaigh
- 14 Ceantar Cluichí Ilúsáide
- Ceithre pháirc Scátála ag Baile Anraí, Sord, Páirc na Mílaoise, Millpond agus Páirc Bhaile na Sceirí
- Ocht gcúirt leadóige phoiblí
- Páirc an Bhaile, Faiche Bhollaí na Sceirí
- Trealamh aclaíochta do dhaoine fásta in 29 suíomh

Measúnacht

COMHSHAOL: BAINISTÍOCHT AGUS COTHABHÁIL AR CHUANTA, BAINISTÍOCHT BRUSCAIR; REILIGÍ A SHOLÁTHAR MAR AON LE LEITHRIS PHOIBLÍ

Déantar 88 km de chósta a chothabháil, lena n-áirítear 11 trá ainmnithe ag Baile Bhrigín, Na Sceirí Theas, Loch Sionnaigh, An Ros Theas, An Ros Thuaidh, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach íde, Port Mearnóg, Cill Fhiontain (Bóthar Burrow) agus Claremont, Binn Éadair. Fostaíodh 36 garda tarrthála ó Mheitheamh go dtí deireadh Lúnasa 2019. Rinneadh monatóireacht ar shamplaí d'uisce farraige chun a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais cáilíochta an uisce snámha.

Déantar bainistíocht agus cothabháil ar chuanta agus céanna ag Baile Bhrigín, Na Sceirí, An Ros, Loch Sionnaigh agus Fánán Mhullach Íde.

Cuireadh feabhas ar Chuan an Ros agus Bhaile Bhrigín le linn 2019:

- Baineadh árthaigh ó Chuan Bhaile Bhrigín
- Suiteáladh seirbhísí i gCuan Baile Bhrigín (uisce agus leictreachais)
- Oibreacha athchóirithe i gCuan an Ros.

IMEACHTAÍ: TACAÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL A SHEACHADHADH LE HAGHAIDH IMEACHTAÍ ARDCHAIGHDEÁIN AGUS SÁBHÁILTE

Bhí páirt ag an Rannóg Oibríochtaí in os cionn 200 imeacht. Réachtáladh iad seo go léir laistigh de Pháirceanna Réigiúnacha, fóntais aitiúla nó ar bhóithre poiblí. I gceist le hócáidí tráchtála agus spóirt a bhainistiú agus déileáil le hiarratais ar Cheadúnais Imeachta bhí na rudaí a leanas:

- Cruinnithe roimh an imeacht agus ina dhiaidh
- Doiciméid a bhailíochtú agus ceadúnais imeachta a eisiúint
- Próiseáil ar Iarratais chun Bóithre a Dhúnadh
- Bainistíocht Bruscair
- Comhairle ar Bhainistíocht Tráchtá
- Comhairle ar Bhainistíocht Slua go sábháilte

FEIDHMEANNA GNÓ: AIRGEADAS, RIALACHAS CORPARÁIDEACH, RIARACHÁN, SLÁINTE & SÁBHÁILTEAGHT AGUS PMDS

Éascaíodh na feidhmeanna gnó inmheánacha i rith na bliana: Aonad Cuntais Oibríochta, comhlíontacht maidir le Sláinte & Sábháilteacht; rinneadh an Comhairle Contae agus na Coistí éagsúla a bhaineann léi a sheirbhísiú. Ghlac an fhoireann go léir páirt sa phróiseas PMDS.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Pleanáil & Infreastruchtúr Straitéiseach



Sprioc

INFREASTRUCTÚR STRAITÉISEACH & GLAS A SHEACHADADH

Cuireadh críoch le próiseas Cuid VIII don Áis Raon Reatha & Spóirt Uile-Aimisre i mBaile an Phóirtéaraigh. Bhog an Áis Spóirt Uile-Aimsire Rivervalley ar aghaidh go dtí an chéim tairisceana.

Bhí na hoibreacha atá ag dul ar aghaidh i Muileann Shackleton, Gleann an Life, agus athfhorbairt ar Fhaiche Mhullach Íde, ag an gcéim mheasúnaithe le haghaidh tairisceana. Osclaíodh páirceanna scátála i mBaile Bhrigín agus sna Sceirí. Osclaíodh limistéar cluichí ilúsáid agus clós súgartha i bpáirc na Gléibe, Baile Bhrigín. Leanadh leis an obair ar cheithre chlós súgartha breise i mBaile Bhrigín, Lusca & sna Sceirí.

Leanadh le comhairliúchán poiblí maidir le Páirc Réigiúnach Bhrí Mór a fhorbairt. Bhí Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat beagnach críochnaithe. Cuireadh críoch le próiseas Cuid VIII maidir le Trasrian do Choisithe nua agus Droicheadh Rothair i nDomhnach Bat, agus cuireadh tús le Tionscadal Feabhsaithe Ascaill Thuirbhe & le hAthailíniú Bhóthar Hearse R126.

Cuireadh tús le Bealach rothaíochta agus siúil Phort Mearnóg go dtí Baile Dúill a thógáil, agus cuireadh le Glasbhealaí agus Bealaí Rothaíochta ar fud an Chontae tríd staidéir éagsúla agus céimeanna comhairliúcháin, lena n-áirítear tráthnóna eolais don phobal maidir le Rothaíocht Harry Reynolds agus Bealach Cósta Fhine Gall.

In 2019 thosaigh an próiseas tairisceana don scéim Ongar-Barnhill, scéim aomhail mhótarbhealaí Snugborough agus don scéim uasghrádaithe Pholl an Bhalla.

POLASÁI, TREOIRLÍNTE & CAIGHDEÁIN A FHORBAIRT

Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar pholasaithe, ar threoirlínte agus ar chaighdeáin chun dea-chleachtas a chinntiú.

RIALACHÁIN FOIRGNÍOCHTA A CHUR CHUN CINN & A FHORFHEIDHMIÚ

rialacháin. Cuireadh tuilleadh oiliúint ghairmiúil ar fáil don fhoireann, chuaigh an digitiú i méid agus feabhsaíodh struchtúr na n-imscrúdaithe. Cuireadh feabhas ar an gcomhoibriú le húdaráis Rialaithe Foirgnimh eile tríd an Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgnimh.

Cuireadh isteach 177 Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ceadaíodh 165 díobh. Cuireadh isteach 263 Deimhniú Sábháilteachta Ó Dhóiteán agus ceadaíodh 187 díobh.

Rinneadh imscrúdú nua ar 35 struchtúr agus áit dainséarach agus gníomhaíodh ina leith chun an pobal a chosaint.

COMHLÍONTACHT LE RIACHTANAIS REACHTÚLA SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA A CHINNTIÚ

Reáchtáladh cruinnithe sceidealta go rialta don Choiste Sláinte & Sábháilteachta agus bhí uas-sciliú S&S agus athbhreithniú leanúnaigh ann.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Pleanáil & Infreastruchtúr Straitéiseach



Sprioc

CINNTE A DHÉANAMH DE GO NGÍOMHAÍTEAR GO CUÍ AR FHORBAIRTÍ NEAMHÚDARAITHE

COMHLÍONTAIGHT I DTACA LE RIACHTANÁIS REACHTÚLA A CHINNTIÚ

CINNTE A DHÉANAMH DE GO BHFUIL CINNTÍ PLEANÁLA TRÉDHEARCACH AGUS GO BHFUIL SIAD DÉANTA DE RÉIR PLEANÁLA CUÍ AGUS FORBARTHA INMHARTHANA

CINNTE A DHÉANAMH DE GO GCLOIANN NA CEANTAIR ATÁ LE BHEITH TÓGTHA I GCÚRAM LEIS AN BPRÓISEAS 'GLACADH AR LÁIMH'

PLEANANNA CHEANTAIR ÁITIÚLA (LAP) A SHEACHADADH MAR AON LE MÁISTIRPLEANANNA & STADÉIR CHUN TITHÍOCHT A SHEACHADADH AGUS CHUN CUR LE FORBAIRT EACNAMAÍOCH AN CHONTAE

AN BHITHÉAGSÚLACHT A CHOSAINT

AN TIMPEALLACHT THÓGTHA A CHOSAINT

Measúnacht

Leanadh le forfheidhmiú a dhéanamh i gcúsaí pleanála, i.e. litir rabhaidh a eisiúint, mar aon le fógraí forfheidhmithe agus cásanna a chur ar aghaidh chun na Cúirte. Tosaíodh ar na rialacháin léasa ghearthéarmach nua a fhorfheidhmiú. Tháinig siadsan i bhfeidhm ar 1 Iúil 2019.

Leanadh le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir le riachtanais reachtúla. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh i gcónaí i dtaca le riachtanais reachtúla agus comhlíontacht ina leith.

Rinneadh gach cinneadh pleanála de réir riachtanais reachtúla. Fuarthas 1,364 iarratas pleanála (1,213 a bhí bailí) agus rinneadh 1,150 cinneadh faoi dheireadh mhí na Nollag 2019. Bhí an Chomhairle i mbun comhairliúcháin leis An Bord Pleanála i dtaca le 13 iarratas Straitéiseach um Fhorbraíocht Tithíochta le linn 2019.

Leanadh le caighdeán a bhaint amach i dtaca le ceantair a thógáil i gcúram agus /nó bannaí a eisiúint. Tá creatlach de sholáthróirí seirbhíse in áit chun pleananna réitithe láithreán a éascú, agus na héilimh bannaí agus na híosarraingtí a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin.

Comhaontaíodh ceithre Mháistirphlean le haghaidh Soird. Tugadh Máistirphlean Tailte an Chaisleáin chun críche ach níor comhaontaíodh é faoi dheireadh 2019. Rinneadh dul chun cinn ar LAP Bhaile Uí Cheallaigh. Glacadh le Malairt Leaganacha Uimhir 1 i leith Plean Forbartha Fhine Gall 2017 – 2023. Glacadh le LAP i leith Chnoc an Sciobóil, Chionn Sáile agus Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Bhí ionchur bithéagsúlachta ann i gcónaí i dtaca le hiarratais pleanála. Cuireadh deich gníomh ón bPlean Bithéagsúlachta i bhfeidhm agus leanadh le gníomhartha a chur i bhfeidhm ón Straitéis do Chaomhnú an Dúlra i mBithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath, agus ó Phlean Oibríochtúil SAAO Bhinn Éadair.

Bhí trí scéim deontais um chaomhnú ann – Scéim Infheistíochta don Timpeallacht Tógtha, Ciste na Struchtúirí Stairiúla agus Deontas Stíth in Time (faoin gCiste Oidhreachta Seandálaíochta). Leithdháileadh €162,500 ar thionscadaí faoi na trí shruth cistithe seo.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Sheachadadh

Pleanáil & Infreastruchtúr Straitéiseach



Sprioc

TACÚ LE HATHTÓGÁIL ÉIREANN – PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DON TITHÍOCHT AGUS DO DHAOINE GAN DÍDEAN, LENA N-ÁIRÍTEAR INFREASTRUCTÚR A SHEACHADADH

Measúnacht

Seachadaíodh 81 Láithreán Cónaithe Gníomhach; 4,849 aonad tugtha chun críche agus 2,490 aonad eile á dtógáil faoi láthair; 2,517 aonad eile ar na láithreáin seo nach bhfuil tús curtha orthu fós.

Chuir an Tionscadal Talamh chun cinn go seachadófaí tithíocht phoiblí agus phríobháideach ar bhunachair talún straitéiseacha.

TIONSCADAIL LIHAF (AN CISTE BONNEAGAIR ÁITIÚIL UM SHEACHADADH TITHÍOCHTA A GHNÍOMHACHTÚ) A CHUR CHUN CINN

Bhí na hoibreacha ag Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat beagnach críochnaithe ag deireadh 2019. Bhí oibreacha tógála ag dul ar aghaidh ar thionscadal uasghrádaithe Bhóthar Ráth Béil.

DUL CHUN CINN A DHÉANAMH AR POLASÁI UM CHREIMEADH CÓSTA

Rannchuidiú don Iniúchadh Náisiúnta ar Chreimeadh Cósta comhurráithe ag an gComhairle agus curtha faoi bhráid an Rialtais Láir. Bhí measúnu ar roghanna le haghaidh Port Mearnóg, An Ros agus Inbhear Bhaile Roiséir beagnach críochnaithe. Comhoibriú leanúnach ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí ar Chlár Monatóireachta Cósta don Chomhairle.

COMHAIRLE STRAITÉISEACH A SHOLÁTHAR AR PHLEANÁIL I DTACA LE HINFREASTRUCTÚR SEIRBHÍSÍ UISCÉ SA CHONTAE, A CHUIREANN LE FORBAIRT EACNAMAÍOCH AN CHONTAE

Bhí caidreamh leanúnach ar siúl le hUisce Éireann, caidreamh idir-rannach agus ionchur don bhainistíocht forbartha agus pleanáil ar aghaidh (Pleananna Ceantair Áitiúla, Máistirphleananna).

TOBHACH LÁITHREÁN FOLAMH A CHUR I BHFEIDHM DO GACH LÁITHREÁN FORBARTHA FOLAMH SA CHONTAE

Athbhreithniú iomlán déanta ar chur chuige Fhine Gall i dtaca le Láithreáin Fholmha; aird faoi leith tugtha do Ghrádlathas Chroístraitéise Phlean Forbartha Fhine Gall.

PLEAN OIDHREACHTA PLAN 2018 – 2023 A FHOBAIRT AGUS A SHEACHADADH

Aithníodh fócas ar Láithreáin Athnuachana atá le déanamh in 3 chéim: Céim 1 - Bailte Uirbeacha Comhdhlúite – Sord agus Baile an Bhlainséir; Céim 2 - Ceantair Chomhdhlúite laistigh den Tairseach, Bailte Measartha Fás Inmharthana, Bailte Beaga srl. Céim 3- An Ceantar Cúlchríche de réir ordlathais na gcroístraitéise.

Leanadh le spriocanna an Phlean Oidhreachta 2018-2023 a chur i bhfeidhm. San áireamh bhí Clár na Seachtaine Oidhreacha 2019, agus comhoibriú míosúil leis an Lónra Oidhreachta

Le tacaíocht ón Seandálaí Pobail, d'éirigh go han-mhaith le rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí oidhreachta cosúil leis na tionscadail Tochailt Dhoim Meánach agus Tochailt Phobail An Aill; bhí caidreamh ann le bunscoileanna, le meánscoileanna agus leis an oideachas tríú leibhéal; Cuireadh ár n-oidhrecht seandálaíocht in iúl do lucht féachana áitiúil agus idirnáisiúnta trí chomhairliúchán poiblí maidir le Straitéis Seandálaíochta Phobail Fhine Gall 2019-2023.





Aguisíní

Aguisín I

COMHALTAÍ NA COMHAIRLE



EANÁIR - BEALTAINÉ 2019

TOGHCEANTAR BHAILE BHRIGÍN

Robert O' Donoghue (Páirtí an Lucht Oibre)
Tony Murphy (Neamh-Phairtí)
Cathal Boland (Neamh-Phairtí)
Malachy Quinn (Sinn Féin)
Gráinne Maguire (Neamh-Phairtí)
Brian Dennehy (Fianna Fáil)
Barry Martin (Comhaontas Pobal seachas Brabús)
Tom O'Leary (Fine Gael)

TOGHCEANTAR CHAISLEÁIN CNUCHA

Natalie Treacy (Sinn Féin)
Roderic O'Gorman (Comhaontas Glas)

Eithne Loftus (Fine Gael)
Ted Leddy (Fine Gael)
Mags Murray (Fianna Fáil)
Sandra Kavanagh (Neart le Chéile)
Howard Mahony (Fianna Fáil)

TOGHCEANTAR BHINN ÉADAIR-MHULLACH ÍDE

Cian O'Callaghan (Daonlath Sóisialta)
Eoghan O'Brien (Fianna Fáil)
Daire Ní Laoi (Sinn Féin)
Jimmy Guerin (Neamh-Phairtí)
Anthony Lavin (Fine Gael)
Brian McDonagh (Páirtí an Lucht Oibre)
David Healy (Comhaontas Glas)
Keith Redmond (Neamh-Phairtí)

TOGHCEANTAR MHULLACH EADRAD

Paul Donnelly (Sinn Féin)
David McGuinness (Neamh-Phairtí)
Edmond Lukusa (Sinn Féin)
Tania Doyle (Neamh-Phairtí)
Kieran Dennison (Fine Gael)
Lorna Nolan (Neamh-Phairtí)
Mary McCamley (Páirtí an Lucht Oibre)
Matthew Waine (Neart le Chéile)

TOGHCEANTAR SHOIRD

Darragh Butler (Fianna Fáil)
Ann Graves (Sinn Féin)
Adrian Henchy (Fianna Fáil)
Joe Newman (Neamh-Phairtí)
Eugene Coppinger (Neart le Chéile)
Anne Devitt (Neamh-Phairtí)
Paul Mulville (Daonlath Sóisialta)
Justin Sinnott (Neamh-Phairtí)
Duncan Smith (Páirtí an Lucht Oibre)

I ndiaidh tuarascáil a d'eisigh Coimisiún na Teorann in 2018, tháinig méadú ar líon na dToghcheantar Áitiúil ó cúig go dtí seacht agus tháinig sé i bhfeidhm do na Toghcháin Áitiúla i mBealtaine 2019.

COMHALTAÍ TOFA AR 24 BEALTAINÉ:

TOGHCEANTAR BHAILE BHRIGÍN

Gráinne Maguire (Neamh-Phairtí)
Tony Murphy (Neamh-Phairtí)
Seána Ó Rodaigh (Páirtí an Lucht Oibre)
Joe O'Brien (Comhaontas Glas) *
Tom O'Leary (Fine Gael)

TOGHCEANTAR BHAILE BHLAINSEIR-MHULLACH EADRAD

John Burtchaell (Neart le Chéile)
Freddie Cooper (Fianna Fáil)
Breda Hanaphy (Sinn Féin)
Mary McCamley (Páirtí an Lucht Oibre)
Punam Rane (Fine Gael)

TOGHCEANTAR CHAISLEÁIN CNUCHA

Emer Currie (Fine Gael)
Ted Leddy (Fine Gael)

Howard Mahony (Fianna Fáil)
Roderic O'Gorman (Comhaontas Glas)
Natalie Treacy (Sinn Féin)
John Walsh (Páirtí an Lucht Oibre)

TOGHCEANTAR BHINN ÉADAIR-MHULLACH ÍDE

Eoghan O'Brien (Fianna Fáil)
Cian O'Callaghan (Daonlath Sóisialta)
Jimmy Guerin (Neamh-Phairtí)
David Healy (Comhaontas Glas)
Anthony Lavin (Fine Gael)
Brian McDonagh (Páirtí an Lucht Oibre)
Aoibhinn Tormey (Fine Gael)

TOGHCEANTAR ONGAR

Tania Doyle (Neamh-Phairtí)
Tom Kitt (Fianna Fáil)
Paul Donnelly (Sinn Féin)
Daniel Whooley (Comhaontas Glas)
Kieran Dennison (Fine Gael)

TOGHCEANTAR AN ROS-LUSCA

Cathal Boland (Neamh-Phairtí)
Brian Dennehy (Fianna Fáil)
Adrian Henchy (Fianna Fáil)
Paul Mulville (Daonlath Sóisialta)
Robert O' Donoghue (Páirtí an Lucht Oibre)

TOGHCEANTAR SHOIRD

Darragh Butler (Fianna Fáil)
Ian Carey (Comhaontas Glas)
Ann Graves (Sinn Féin)
Brigid Manton (Fianna Fáil)
Dean Mulligan (Neamhspleách i dtreo Athrú)
Joe Newman (Neamh-Phairtí)
Duncan Smith (Páirtí an Lucht Oibre)

* Toghadh an Clr Joe O'Brien chun na Dála san fhothoghchán i mí na Samhna.

Aguisín II

Ballraíocht Comhairle de Choistí Seasta na Comhairle



COISTÍ CEANTAIR

Baile Bhrigín/An Ros-Lusca/Soird
Comhaltaí Toghcheantar Bhaile Bhrigín, An Ros-Lusca agus Shoird.
Cathaoirleach Ceantair: Cuireadh an Comhairleoir Darragh Butler in áit Adrian Henchy, Meitheamh 2019.

Baile an Bhlainséir-Mullach Eadrad/Caisleán Cnucha/Ongar
Comhaltaí Thoghcheantair Bhaile an Bhlainséir-Mhullach Eadrad, Chaisleán Cnucha agus Ongar.
Cathaoirleach Ceantair: Cuireadh an Comhairleoir Howard Mahony in áit Ted Leddy, Meitheamh 2019.

Binn Éadair-Mullach Íde
Comhaltaí of Binn Éadair-Mullach Íde Electoral Area
Cathaoirleach Ceantair: Cuireadh an Comhairleoir David Healy in áit Eoghan O'Brien, Meitheamh 2019.

COISTE EAGRAÍOCHTA AGUS NÓSANNA IMEACHTA

Tá gach Comhalta tofa ina Chomhalta den Choiste seo.

GRÚPA UM BHEARTAIS CORPARÁIDEACHA

Méara: Comhairleoir Anthony Lavin Ean 2019 – Bealtaine 2019.
Méara: Comhairleoir Eoghan O'Brien Meitheamh 2019
Sé chathaoirleach de na Coistí um Bheartais Straitéiseacha

COISTE UM BHEARTAIS STRAITÉISEACHA (SPC)

SPC FORBAIRT POBAIL, OIDHREACTHA, CULTÚIR AGUS CRUTHAITHEACHTA

ROIMHE SEO SPC NA HEALÁIONA, CULTÚIR, OIDHREACTHA AGUS POBAIL

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Anne Devitt (Cathaoirleach), Joe Newman, Adrian Henchy, Mary McCamley, Gráinne Maguire, Daire Ní Laoi.

Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Paul Donnelly (Cathaoirleach), Freddie Cooper, John Walsh, Gráinne Maguire, Seána Ó Rodaigh, Jimmy Guerin.

SPC IOMPAR & BAINISTÍOCHT INFREASTRUCHTÚIR

ROIMHE SEO SPC IOMPAIR

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Eoghan O'Brien (Cathaoirleach), Darragh Butler, Tania Doyle, Ted Leddy, Roderic O'Gorman, Natalie Treacy.

Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Ted Leddy (Cathaoirleach), Ann Graves, Adrian Henchy, Cathal Boland, Joe O'Brien, Cian O'Callaghan

SPC FORBAIRT EACNAMAÍOCH, FIONTAIR AGUS TURASÓIREACHTA

ROIMHE SEO SPC FORBAIRT EACNAMAÍOCH & FIONTAIR

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Kieran Dennison (Cathaoirleach), Keith Redmond, Anthony Lavin, Tony Murphy, Lorna Nolan, Edmond Lukusa, Jimmy Guerin, Mags Murray, David McGuinness, Howard Mahony.

Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Tony Murphy (Cathaoirleach), Darragh Butler, Ian Carey, Tom O'Leary, Emer Currie, Breda Hanaphy, Howard Mahony, Anthony Lavin

SPC TITHÍOCHTA

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Duncan Smith (Cathaoirleach), Adrian Henchy, Barry Martin, Malachy Quinn, Paul Mulville, Kieran Dennison, Matthew Waine, Lorna Nolan, Sandra Kavanagh, Justin Sinnott, Robert O' Donoghue.

Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Duncan Smith (Cathaoirleach), Brigid Manton, Robert O' Donoghue, Natalie Treacy, Daniel Whooley, John Burtchaell, Kieran Dennison, Eoghan O'Brien.

SPC GNÍOMHAÍOCHT AR SON NA HAERÁIDE, BITHÉAGSÚLACHT & COMHSHAOIL

ROIMHE SEO SPC SEIRBHÍS UISCE AGUS COMHSHAOIL

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Paul Donnelly (Cathaoirleach), Gráinne Maguire, Mary McCamley, Eugene Coppinger, Eithne Loftus, Natalie Treacy, Paul Mulville.

Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Roderic O'Gorman (Cathaoirleach), Mary McCamley, Joe Newman, Paul Mulville, Aoibhinn Tormey, David Healy.

PLANNING STRATEGIC TRANSPORT & INFRASTRUCTURE DEVELOPMENT SPC

FORMERLY PLANNING & STRATEGIC INFRASTRUCTURE SPC

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí David Healy (Cathaoirleach), Brian Dennehy, Brian McDonagh, Tom O' Leary, Jimmy Guerin, Cian O' Callaghan, Cathal Boland, Ann Graves.

Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Brian Dennehy (Cathaoirleach), Tania Doyle, Dean Mulligan, Punam Rane, Tom Kitt, Brian McDonagh.

Aguisín II

Ballraíocht Comhairle de Choistí Seasta na Comhairle



COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Eanáir-Bealtaine 2019

Comhairleoirí Anne Devitt, Justin Sinnott, Anthony Lavin

Meitheamh- -Nollaig 2019

Comhairleoirí Cathal Boland, Brian McDonagh

COISTE COMPHÓILÍNTACHTA

Eanáir-Bealtaine 2019

Comhairleoirí Kieran Dennison (Cathaoirleach) and Gráinne Maguire (Leaschathaoirleach), Tom O'Leary, Malachy Quinn, Adrian Henchy, Paul Mulville, Anthony Lavin, Jimmy Guerin, Howard Mahony, Mags Murray, Eithne Loftus, Roderic O'Gorman, Natalie Treacy, Tania Doyle, Duncan Smith.

Meitheamh- -Nollaig 2019

Comhairleoirí Gráinne Maguire, Freddie Cooper, John Walsh, Adrian Henchy, Daniel Whooley, Anthony Lavin, Tony Murphy, Robert O'Donoghue, Emer Currie, Ian Carey, Roderic O'Gorman, Ann Graves, Tania Doyle, Duncan Smith, Dean Mulligan.

COISTE COMHAIRLIÚCHÁIN UM CHÓIRÍOCHT ÁITÚIL DO THAISTEALAITHE

Eanáir-Bealtaine 2019

Comhairleoirí Eugene Coppinger, Ted Leddy, Lorna Nolan

Meitheamh- -Nollaig 2019

Comhairleoirí Emer Currie, Duncan Smith, Breda Hanaphy

Aguisín III

Ballraíocht Comhairleoirí de Chomhlachtaí Eile



COMHDHÁIL NA RÉIGIÚN AERFORT (ARC)

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoir Anne Devitt
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoir Freddie Cooper

CAISLEÁN ARD GHIOLLÁIN TEO

Eanáir - -Nollaig 2019
Comhairleoir Gráinne Maguire

CUMANN RIALTAS ÁITIÚIL NA HÉIREANN

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Darragh Butler, Eithne Loftus, Gráinne Maguire, Daire Ní Laoi, Mary McCamley
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Gráinne Maguire, Kieran Dennison, Mary McCamley

COISTE IDIRCHADRIMH BHAILE UÍ ÁILLE

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Brian Dennehy, Robert O' Donoghue, Barry Martin, Paul Mulville, Malachy Quinn, Adrian Henchy
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Brian Dennehy, Robert O' Donoghue, Paul Mulville, Cathal Boland, Adrian Henchy

IONAD FIONTAIR BASE

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Mary McCamley, Ted Leddy
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Mary McCamley, Emer Currie

FÓRAM PÓILÍNEACHTA POBAIL BHAILE BHLAINSEÍR

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Mary McCamley, Howard Mahony
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Ted Leddy, John Walsh

TASCFHÓRSA UM ALCÓL AGUS DRUGAÍ ÁITIÚIL BHAILE BHLAINSEÍR

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Sandra Kavanagh, Ted Leddy
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Ted Leddy, Natalie Treacy, Daniel Whooley

FÓRAM OIDHREACTH AN CHONTAE

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Mags Murray, David Healy, Ted Leddy, Eithne Loftus, Daire Ní Laoi.
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Ian Carey, Freddie Cooper, Seána Ó Rodaigh, Howard Mahony, Cathal Boland.

DRAÍOCHT

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Natalie Treacy, Mary McCamley
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Mary McCamley, Howard Mahony

IONAD FIONTAIR DRINAN

Eanáir - -Nollaig 2019
Councillors Eoghan O'Brien, Anthony Lavin

BORD OIDEACHAIS & OILIÚNA BHAILE ÁTHA CLIATH & DHÚN LAOGHAIRE

Eanáir-Bealtaine 2019
Comhairleoirí Eithne Loftus, Roderic O'Gorman, Gráinne Maguire, Howard Mahony, Duncan Smith
Meitheamh- -Nollaig 2019
Comhairleoirí Roderic O'Gorman, Gráinne Maguire, Brigid Manton, Joe Newman and John Walsh.

TASCFHÓRSA DRUGAÍ BHAILE ÁTHA CLIATH THIAIR THUaidh

